# An tAcht um Nochtadh Cosanta

# Beartas agus Treoir maidir le Nochtadh Cosanta a Dhéanamh ag Oibrithe sa Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta

An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta Foilsithe in 2024

# Clár an Ábhair

Clár an Ábhair 2
1. Réamhrá 3
2. Cé leis a mbaineann an Treoir seo? 4
3. Cad é Nochtadh Cosanta? 5
4. Cén saghas nochta nach bhfuil cumhdaithe ag an Treoir? 5
5. Cén saghas nochta atá cumhdaithe ag an Treoir? 6
6. Riachtanais chun nochtadh cosanta a dhéanamh 7
7. Cad is ceart a chur san áireamh i dtuairisc? 7
8. Cé ar féidir le hoibrí labhairt leis? 8
9.1 NOCHTADH LE FOSTÓIR NÓ DUINE FREAGRACH EILE FAOI ALT 6 DEN ACHT 9
9.3 NOCHTADH LE HAIRE FAOI ALT 8 AGUS ALT 10 DEN ACHT 9
9.4 NOCHTADH LE HAIRE FAOI ALT 8 DEN ACHT 9
9.5 NOCHTADH LEIS AN GCOIMISINÉIR UM NOCHTADH COSANTA FAOI ALT 7 AGUS ALT 10 DEN ACHT 10
9.6 NOCHTADH I GCÁSANNA EILE FAOI ALT 10 DEN ACHT 11
10. Nochtadh gan ainm 12
11. Aiseolas 12
12. Rúndacht/cosaint aitheantais 13
13. Cén cosaintí a chuirtear ar fáil dóibh siúd a dhéanann nochtadh? 13
14. Cosaint an duine a ndearnadh líomhain éagóra ina (h)aghaidh (i.e. an Freagróir) 14
15. Athbhreithniú 15
16. Ról an Ghrúpa Athbhreithnithe 15
17. Ról an Chinn Iniúchóireachta Inmheánaí 16
18. Ról an Bhainisteora um Nochtadh Cosanta 17
19. Ról an Chinn Acmhainní Daonna 17
20. Taifid 17
Aguisín A: Foirm Fógra um Nochtadh Cosanta 18
Aguisín B: Léargas Ginearálta ar an bpróiseas um Nochtadh Cosanta 20
Conas nochtadh a dhéanamh 20
Aguisín C: Cainéil chun Nochtadh Cosanta a dhéanamh laistigh agus lasmuigh den Roinn 23
Aguisín D: Treoir maidir le Nochtadh a Fháil 25
Aguisín E: Treoir maidir le Nochtadh a Imscrúdú 30
Aguisín F: Gluais Téarmaí 33

Foilsithe in Aibreán 2024

## 1. Réamhrá

Is é cuspóir an doiciméid seo treoir na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (an CNOS) maidir le bainistiú ar Nochtadh Cosanta san ionad oibre a leagan amach agus na bealaí agus na nósanna imeachta atá curtha ar fáil chun ábhair imní a thuairisciú a mhíniú. Cuirtear ar chumas oibrithe faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú ag an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 (an tAcht) faisnéis a nochtadh maidir le héagóir san ionad oibre trína chinntiú go bhfuil cosaintí ann, dá gcuirfí tús le bearta díoltais ina n-aghaidh. Foráiltear san Acht do chóras "céimnithe" nochta ina gcuirtear roinnt cainéil ar leith (inmheánach, rialála agus seachtrach) ar fáil.

Ceanglaítear san Acht ar gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a bheith i bhfeidhm chun déileáil le nochtadh cosanta, agus eolas scríofa a sholáthar a bhaineann leis na nósanna imeachta seo d'oibrithe. Tá an doiciméad treorach seo bunaithe ar threoir na Roinne Caiteachais Phoiblí, um Sholáthar an PFN agus Athchóirithe dar teideal Treoir eatramhach do chomhlachtaí poiblí agus daoine forordaithe.

Ba cheart an doiciméad seo a léamh i gcomhar leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus an tAcht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022.

Tá an fhreagracht fhoriomlán as beartais agus treoir a bhaineann le nochtadh cosanta ar an bPríomhoifigeach, an Ceann Tacaíochta Daoine, Forbartha agus Bunathraithe. Tá freagracht laethúil as an doiciméad treorach seo sannta d'Acmhainní Daonna Straitéiseacha, laistigh den fheidhm seo. Déanfar an Beartas a athbhreithniú go bliantúil nó de réir mar is gá ag Acmhainní Daonna Straitéiseacha.

**Príomhphrionsabail a bhuntacaíonn leis an treoir seo**

Tá an CNOS tiomanta do thacú le do thimpeallacht chuí a chothú chun dul i ngleic le buarthaí a bhaineann le héagóir fhéideartha san ionad oibre agus don tacaíocht riachtanach a thabhairt d'oibrithe a thugann fíorbhuarthaí chun solais. Aithnítear an tábhacht a bhaineann le hionad oibre eiticiúil a fhorbairt agus le rannchuidiú luachmhar iad siúd a thugann buarthaí chun solais faoi éagóir. Dá réir sin, cosnófar oibrí a dhéanann nochtadh ar phionósú (nó ar bhagairt phionósaithe), lena n-áirítear fionraí, leagan as nó dífhostú, ísliú céime agus caitheamh éagórach.

Beidh oibrí a bhfuil creideamh réasúnta[1] aige/aici go léirítear san fhaisnéis ina nochtadh, nó go dtugtar le fios ann, go bhfuil éagóir atá cumhdaithe faoin Acht tar éis tarlú, ag tarlú, nó gur dóchúil go dtarlóidh sí, cosanta ar bhearta díoltais, fiú má tharlaíonn sé ar deireadh nach raibh bonn ceart le himní an oibrí nó go raibh sí mícheart.

Is féidir a dhearbhú don oibrí go ndéileálfar leis an imní go dáiríre agus go ndéanfar imscrúdú uirthi nuair a mheastar gur cuí sin. Nuair a dhéantar imscrúdú, cosnófar aitheantas an oibrí a thugann an imní chun solais a mhéid is indéanta go praiticiúil. Cuirfear an t-oibrí a thugann an imní chun solais ar an eolas faoin gcaoi ar tugadh aghaidh ar an gceist, agus ní dhéanfar aon dochar dó/di ar aon bhealach de bharr an nochtadh a dhéanamh, fiú mura n-aithnítear aon éagóir, ar choinníoll gur bunaithe ar chreideamh réasúnta a bhí an imní. Ní iarrfar ar an oibrí a gceart chun nochtadh a dhéanamh a thabhairt suas i gcúinse ar bith.

Déanfaidh an CNOS gach beart réasúnta lena chinntiú go ndéileáiltear le nochtadh a dhéantar faoin treoir seo ar bhealach rúnda agus íogair[2]. Ní nochtfaidh an CNOS aitheantas oibrí gan

---

[1] Chun teacht ar eolas ar chreideamh réasúnta, féach mír 6
[2] Chun teacht ar eolas ar rúndacht, féach mír 12

Foilsithe in Aibreán 2024

a dtoiliú, murach go gceanglaítear leis an dlí é nó go bhfuil sé riachtanach chun imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar an éagóir ábhartha.

Ní ghlacfaidh an CNOS le haon phionósú[3] ar oibrithe a dhéanann tuairisc ar éagóir fhéideartha bunaithe ar chreideamh réasúnta. Déileálfar le haon ghníomhartha pionósaithe nó iarrachtaí pionósaithe mar cheist smachtaithe, agus cuirfear smachtbhannaí smachtaithe i bhfeidhm i gcoinne aon duine a dhéanann aon ghníomh pionósaithe. Ba cheart d'oibrithe a mbíonn aon ghníomh pionósaithe á fhulaingt acu an Ceann Tacaíochta Daoine, Forbartha agus Bunathraithe a chur ar an eolas ar an gcéad dul síos, agus déanfar an fógra a scrúdú agus cuirfear gníomh cuí i bhfeidhm de réir mar is gá.

## 2. Cé leis a mbaineann an Treoir seo?

Baineann an treoir seo le gach oibrí atá ag an CNOS nó atá ag obair thar a cheann, agus cuirtear cosaintí ar fáil inti dóibh siúd nach dtagann faoin ngnáth-shainmhíniú ar fhostaithe. Chun críche an Achta, ciallaíonn oibrí duine a fuair faisnéis ar éagóir ábhartha i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Faoi mar a shainmhínítear san Acht, ciallaíonn "oibrí" duine a oibríonn san earnáil phríobháideach nó phoiblí a fuair faisnéis ar éagóracha ábhartha i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair agus áirítear leo:

(a) duine atá nó a bhí ina f(h)ostaí,

(b) duine aonair a d'iontráil aon chonradh eile nó a oibríonn nó a d'oibrigh faoi aon chonradh eile, cibé acu sainráite nó intuigthe, agus (más sainráite) cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn, trína ndearna an duine aonair gealltanas obair nó seirbhísí a dhéanamh nó a chur i gcrích (go pearsanta nó ar bhealach eile) do pháirtí eile sa chonradh chun críocha ghnó an pháirtí sin,

(c) duine aonair a oibríonn nó a d'oibrigh do dhuine eile sna cúinsí a leanas—

(i) déanann tríú duine an duine a chur in aithne nó a sholáthar chun an obair a dhéanamh, agus

(ii) is é atá nó a bhí i gceist, i gcleachtas, go bhfuil na téarmaí ar a mbítear nó ar a raibh an duine fostaithe chun an obair a dhéanamh á gcinneadh go substaintiúil ní ag an duine féin, ach ag an duine a n-oibríonn nó ar oibrigh sé/sí dó/di, ag an tríú páirtí, nó ag an mbeirt acu,

(d) duine a gcuirtear nó ar cuireadh taithí oibre ar fáil dó/di de bhun cúrsa nó clár oiliúna, nó oiliúint le haghaidh fostaíochta (nó an dá rud), seachas faoi chonradh fostaíochta,

(e) duine atá nó a bhí ina scairshealbhóir i ngnóthas,

(f) duine aonair atá nó a bhí ina b(h)all de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta gnóthais, baill neamhfheidhmiúcháin ina measc,

---

[3] Chun teacht ar eolas ar phionósú, féach mír 13

(g) duine atá nó a bhí ina (h)oibrí deonach,

(h) duine ar ball de Chomhairle an CNOS é/í

(i) duine a fhaigheann eolas ar éagóir ábhartha i rith próiseas earcaíochta,

(j) duine a fhaigheann eolas ar éagóir ábhartha i rith idirbheartaíocht réamhchonartha (seachas próiseas earcaíochta dá dtagraítear in alt (h), agus

déanfar aon tagairt d'oibrí a bheith fostaithe nó d'fhostaíocht a léirmhíniú dá réir sin.

Ciallaíonn "comhthéacs a bhaineann leis an obair" gníomhaíochtaí oibre faoi láthair nó san am a chuaigh thart san earnáil phoiblí nó phríobháideach trína bhfaigheann daoine, beag beann ar chineál na ngníomhaíochtaí sin, faisnéis maidir le héagóir ábhartha, agus ina bhféadfadh na daoine siúd a bheith thíos le pionósú mar thoradh ar an bhfaisnéis sin a thuairisciú;

### 3. Cad é Nochtadh Cosanta?

Is éard is nochtadh cosanta, mar a shainmhínítear san Acht é, ná **nochtadh faisnéise** ina léirítear, dar le **creideamh réasúnta oibrí**, go bhfuil **éagóir ábhartha** amháin nó níos mó; a cuireadh ar aird an oibrí i **gcomhthéacs oibre**; agus a nochtar ar an mbealach atá sonraithe san Acht.

### 4. Cén saghas nochta nach bhfuil cumhdaithe ag an Treoir?

Nochtadh Cosanta vs Gearáin Phearsanta

Beartaítear go ndéileáiltear san Acht le tuairiscí ar éagóir ábhartha, mar a shainmhínítear an Acht í. Ní éagóir ábhartha chun críocha an Achta í ceist a bhaineann le casaoidí idirphearsanta amháin a dhéanann difear do dhuine tuairiscithe, cosúil le casaoidí faoi choimhlintí idirphearsanta ina bhfuil an duine tuairiscithe agus duine eile bainteach, nó gearán a dhéantar leis an bhfostóir nó faoin bhfostóir a bhaineann leis an oibrí agus leo siúd amháin.

Ba cheart déileáil le gearáin idirphearsanta, go ginearálta, faoi na nósanna imeachta inmheánacha um ghearáin nó um dhínit san ionad oibre. Má thugtar ceist chun solais mar nochtadh cosanta, ach má chinntear, tar éis an mheasúnaithe tosaigh dá dtagraítear in Alt 11, gur ceist ghearáin nó dínite san ionad oibre atá ann i ndáiríre, ba cheart déileáil leis faoi na nósanna imeachta sin.

Mar shampla, féadfaidh oibrí gearán a dhéanamh go bhfuil díospóid idir é/í féin agus bainisteoir maidir lena d(h)ualgais nó lena c(h)leachtais oibre. Ba cheart déileáil leis an gcineál sin gearáin, go ginearálta, faoin nós imeachta casaoide (nó faoina chomhionann de nós imeachta). Mar shampla eile, féadfaidh oibrí a mhaíomh go bhfuil comhghleacaí ag déanamh bulaíochta nó ciaptha air/uirthi. Ba cheart déileáil leis an gcineál sin gearáin, go ginearálta, faoin nós imeachta um dhínit ag an obair (nó faoina chomhionann de nós imeachta). Ba cheart a bheith cúramach, arís eile, lena dheimhniú go mbaineann an gearán le casaoid idirphearsanta amháin nach ndéanann difear ach do dhuine tuairiscithe.

Dá réir, ba cheart an doiciméad treorach seo a léamh freisin i gcomhar leis na doiciméid a leanas (naisc thíos) lena chinntiú nach dtagann an tsaincheist atá á tabhairt le fios aníos laistigh de chód cleachtais reatha nó gur cheart déileáil léi faoi phróiseas eile, cosúil le nós imeachta casaoide nó trí mheicníochtaí cúitimh eile:

- Nós Imeachta Casaoide
- Cód Smachtaithe na Státseirbhíse
- Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhíse
- Státseirbhísigh agus Gníomhaíocht Pholaitiúil
- "Dínit ag an Obair" – beartas in aghaidh bulaíochta, ciaptha agus ciapadh gnéasach
- Treoirlínte maidir le comhlíonadh fhorálacha na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001
- An tOrdú fán Acht Caidrimh Thionscail, 1990 (Cód Cleachtais um an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014) (Dearbhú), 2015

Anuas air sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach gcumhdaítear sa Treoir seo

- nochtadh éagóra más ionann an cheist agus ceist ar feidhm den oibrí í lena brath, lena himscrúdú nó lena hionchúiseamh agus nach bhfuil gníomh nó easnamh an CNOS inti ná i gceist léi
- ní chumhdaítear nochtadh faisnéise ann a fuarthas ar bhealaí neamhdhleathacha nó míchuí, e.g. teacht neamhdhleathach nó míchuí ar ríomhchórais nó ar bhunachair shonraí
- ní in ionad scéimeanna reatha tuairiscithe éigeantaigh é, agus
- ní chumhdaítear nochtadh ann ina gcuireann an t-oibrí faisnéis bhréagach, mhíthreorach, fhánach nó chráiteach in iúl go feasach. Má tharlaíonn go ndéanann oibrí nochtadh, arb eol dóibh atá bréagach nó nach gcreideann siad atá fíor, rachaidh an CNOS i mbun gníomh smachtaithe nó gníomh eile cuí.

### 5. Cén saghas nochta atá cumhdaithe ag an Treoir?

Ba cheart go mbeadh "faisnéis" i nochtadh cosanta inar gnách di "éagóir ábhartha" a léiriú. Is í an ghnáthchiall atá le "faisnéis" a nochtadh fíricí a chur in iúl, ar nós a lua gur tharla imeachtaí ar leith. Tá nochtadh faisnéise ábhartha a dhéanann oibrí, agus é/í den chreideamh réasúnta go bhfuil ceann amháin nó níos mó de na cineálacha mí-iompair seo a leanas tar éis tarlú, ag tarlú, nó gur dócha go dtarlóidh siad, cumhdaithe faoin Treoir, Féach Alt 5 den Acht um Nochtadh Cosanta:

Chun críocha an Achta, is sáruithe iomchuí na nithe seo a leanas:

a) rinneadh cion, tá cion á dhéanamh nó is dóchúil go ndéanfar cion,
b) theip ar dhuine, tá ag teip ar dhuine nó is dóchúil go dteipfidh ar dhuine aon oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh, seachas oibleagáid a thagann aníos faoi chonradh fostaíochta nó conradh eile an oibrí ina ngeallann an t-oibrí chun aon obair nó seirbhísí a dhéanamh nó chun tabhairt fúthu go pearsanta,
c) tharla iomrall ceartais, tá iomrall ceartais ag tarlú nó is dóchúil go dtarlóidh iomrall ceartais,
d) rinneadh sláinte nó sábháilteacht aon duine aonair a chur i mbaol, tá sláinte nó sábháilteacht aon duine aonair á cur i mbaol, nó is dóchúil go gcuirfear sláinte nó sábháilteacht aon duine aonair i mbaol,
e) rinneadh díobháil don chomhshaol, tá díobháil á déanamh don chomhshaol, nó is dóchúil go ndéanfar díobháil don chomhshaol,
f) baineadh úsáid neamhdhleathach nó mhíchuí ar bhealach eile as cistí nó acmhainní comhlachta phoiblí, nó as airgead poiblí eile, tá úsáid neamhdhleathach nó mhíchuí ar bhealach eile á baint as cistí nó acmhainní comhlachta phoiblí nó as airgead poiblí eile, nó is dóchúil go mbainfear úsáid neamhdhleathach nó mhíchuí ar bhealach eile as cistí nó acmhainní comhlachta phoiblí nó as airgead poiblí eile,
g) tá gníomh nó easnamh a rinne comhlacht poiblí nó a rinneadh thar ceann comhlacht poiblí leatromach, idirdhealaitheach nó thar a bheith faillíoch nó más ionann agus fíor-mhíbhainistíocht é,
h) tharla sárú ar dhlí sonraithe an AE a leagtar amach sa Treoir, tá dlí sonraithe an

AE a leagtar amach sa Treoir á shárú, nó is dóchúil go sárófar dlí sonraithe an AE a leagtar amach sa Treoir, nó

i) rinneadh faisnéis a thugann le fios go bhfuil aon cheist atá in aon chinn de na hailt roimhe seo á ceilt nó á milleadh, nó tá an fhaisnéis sin á ceilt nó á milleadh nó is dóchúil go ndéanfar í a cheilt nó a mhilleadh, nó rinneadh iarracht, tá iarracht á déanamh nó is dóchúil go ndéanfar iarracht an fhaisnéis sin a cheilt nó a mhilleadh.

Is cuma cé acu ar tharla, a tharlaíonn nó a tharlódh éagóir ábhartha in Éirinn nó in áit eile, agus cé acu is é dlí na hÉireann nó dlí aon tíre nó críche eile a bhaineann léi.

Tá spreagadh an oibrí chun nochtadh a dhéanamh neamhábhartha maidir lena dheimhniú cibé acu an nochtadh nó nach nochtadh é atá á chosaint ag an Acht. Pléifear gach nochtadh beag beann ar spreagadh an oibrí chun an nochtadh a dhéanamh, agus beidh an t-oibrí faoi chosaint fad is a chreideann sé nó sí go réasúnach go léiríonn an fhaisnéis a nochtadh éagóir.

## 6. Riachtanais chun nochtadh cosanta a dhéanamh

Ba cheart d’oibrí nochtadh a dhéanamh chomh luath agus is féidir más rud é, ina gcreideamh réasúnta, gur tharla, go bhfuil ag tarlú, nó gur dóchúil go dtarlóidh aon cheann de na héagóracha atá leagtha amach i Mír 5 thuas, nó gur tharla sárú ar bheartas na Státseirbhíse a bhféadfadh an pobal nó an CNOS a bheith thíos le díobháil dá bharr. Níl ar oibrithe ná níl siad i dteideal ceisteanna a imscrúdú iad féin chun teacht ar chruthúnas i leith an amhrais a bhí orthu agus níor cheart dóibh iarracht a dhéanamh é sin a dhéanamh. Caithfear an fhaisnéis a chur ar aird an duine tuairiscithe i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Ciallaíonn comhthéacs a bhaineann leis an obair gníomhaíochtaí oibre faoi láthair nó san am a chuaigh thart san earnáil phoiblí nó phríobháideach trína bhfaigheann an duine tuairiscithe, beag beann ar chineál na ngníomhaíochtaí sin, faisnéis maidir le héagóir ábhartha, agus ina bhféadfadh an duine tuairiscithe a bheith thíos le pionósú mar thoradh ar an bhfaisnéis sin a thuairisciú.

Caithfidh go bhfuil creideamh réasúnta ag an duine tuairiscithe go dtaispeánann an fhaisnéis a nochtadh, nó gur nós leis an bhfaisnéis a nochtadh a thaispeáint, éagóir. Ní chiallaíonn an téarma “creideamh réasúnta” gur gá don chreideamh a bheith ceart. Tá daoine tuairiscithe i dteideal botún a dhéanamh maidir lena gcreideamh, a fhad agus a bhí a gcreideamh bunaithe ar fhorais réasúnta. Dheimhnigh an Ard-Chúirt “*Ní foláir cineál éigin de bhunús oibiachtúil a bheith le creideamh den sórt sin chun go measfar gur “creideamh réasúnta” í, mar a cheanglaítear in Acht 2014*.”

## 7. Cad is ceart a chur san áireamh i dtuairisc?

Ba cheart nochtadh faoin treoir seo a dhéanamh i scríbhinn más féidir, chun a chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil tráth a dhéantar an nochtadh.

Moltar, ar a laghad, gur cheart na sonraí a leanas a bheith i dtuairiscí:-

a) gur nochtadh cosanta í an tuairisc agus go bhfuil sí á déanamh faoi na Nósanna Imeachta;
b) ainm an duine tuairiscithe, a bpost san eagraíocht, a n-áit oibre agus sonraí teagmhála rúnda;
c) dáta na héagóra líomhnaithe (más eol) nó an dáta a tosaíodh an éagóir líomhnaithe nó a sainaithníodh í;
d) cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an éagóir líomhnaithe ar bun go fóill;
e) cibé acu ar nochtadh nó nár nochtadh an éagóir líomhnaithe cheana féin agus má nochtadh, le cén duine ar nochtadh í, cathain a nochtadh í agus cén gníomh a rinneadh;
f) eolas maidir leis an éagóir líomhnaithe (an méid atá ag titim amach / an méid a thit amach agus conas a thit sé amach) agus aon eolas a thacaíonn leis;

---

4 Barrett vs Coimisinéir an Gharda Síochána agus tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais [2022] IEHC 86.

g) ainm aon duine/daoine a líomhnaítear a bhaineann leis an éagóir líomhnaithe (más eol aon ainm agus má mheasann an t-oibrí gur gá duine aonair a ainmniú chun an éagóir a nochtar a thabhairt le fios); agus
h) agus aon fhaisnéis ábhartha eile.

Tá Foirm Fógra um Nochtadh Cosanta ar fáil ag Aguisín A.

## 8. Cé ar féidir le hoibrí labhairt leis?

Tá oibrí á chosaint ar phionósú má dhéanann siad nochtadh fad a bhíonn comhairle dlí á fáil acu ó abhcóide, aturnae, oifigeach ceardchumainn nó oifigeach comhlachta eiscthe (is éard is comhlacht eiscthe ann ná comhlacht a dhéanann idirbheartaíocht ar phá agus ar choinníollacha le fostóir ach nach ceardchumann é mar a shainmhínítear in alt 6 den Acht Ceárd-Chumann, 1941).

Má nochtann abhcóide nó aturnae faisnéis ina dhiaidh sin a bhí mar ábhar nochta dóibh, ní bheidh siad faoi chosaint faoin Acht. Beidh oifigeach ceardchumainn nó oifigeach de chomhlacht eiscthe, áfach, in ann leas a bhaint as cosaintí an Achta.

B’fhéidir gur mian le hoibrí comhairle nó treoir a fháil sula ndéanfaidh siad nochtadh.

**Is féidir leat éagóir a thabhairt le fios don Bhainisteoir um Nochtadh Cosanta.**

Spreagann an CNOS gach oibrí nochtadh a dhéanamh go hinmheánach leis an mBainisteoir um Nochtadh Cosanta. Tá an CNOS tar éis an Príomhoifigeach Cúnta, Acmhainní Daonna Straitéiseacha, a cheapadh mar an Bainisteoir um Nochtadh Cosanta chun nochtadh cosanta a fháil. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an mBainisteoir um Nochtadh Cosanta ach na sonraí a leanas a úsáid:

(i) ar ríomhphost chuig protecteddisclosure@ncse.ie

(ii) i bpearsan trí choinne a dhéanamh leis an mBainisteoir um Nochtadh Cosanta a shocraítear ar ríomhphost chuig protecteddisclosure@ncse.ie

(iii) i scríbhinn i gclúdach litreach séalaithe atá marcáilte le “Rúnda: Don Bhainisteoir um Nochtadh Cosanta”, An CNOS, 1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Contae na Mí.

Ba cheart aon nochtadh a dhéantar leis an mBainisteoir um Nochtadh Cosanta, nuair is féidir, a dhéanamh ar an bhFoirm Thuairiscithe um Nochtadh Cosanta (féach Aguisín A den Bheartas) agus an oiread faisnéise agus is féidir a chur ar fáil i ndáil leis an éagóir ábhartha líomhnaithe. Aithnítear go bhféadfadh sé a bheith riachtanach, ó am go ham, nochtadh cosanta a dhéanamh ar bhealach eile seachas tríd an bhfoirm, i.e. ó bhéal. Spreagtar oibrithe a dhéanann nochtadh ar bhealach eile seachas tríd an bhfoirm a chur in iúl gur nochtadh cosanta faoin Acht atá á dhéanamh acu, chun measúnú agus/nó imscrúdú éifeachtach ar an nochtadh a chinntiú de réir na Nósanna Imeachta.

Tabhair faoi deara go dtugtar “an faighteoir” ar an duine a fhaigheann nochtadh. Tugtar eolas breise ar nochtadh a fháil in Aguisín D.

Ina theannta sin, féadfaidh an té a dhéanann nochtadh é a dhéanamh leis an gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí mura bhfuil siad in ann/toilteanach an nochtadh a dhéanamh trína mbainistíocht líne. Sa chás seo, cuirfidh an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí faisnéis faoin nochtadh ar fáil don Ghrúpa Athbhreithnithe, a cheapfaidh oifigeach nó duine eile le feidhmiú mar an faighteoir.

I ngach cás, mura bhfuil coimhlint leasa ann, cuirfear an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí ar an eolas faoi ábhar an nochta agus faoi thoradh an mheasúnaithe/an imscrúdaithe tosaigh. Anuas air sin, cuirfear an Príomhfheidhmeannach ar an eolas faoi thosú an mheasúnaithe/imscrúdaithe tosaigh agus faoin toradh.

Nuair a bhíonn nochtadh á láimhseáil, sannann an Rannóg Acmhainní Daonna Straitéiseacha uimhir thagartha do gach cás chun nochtadh a thaifeadadh agus a rianú i ndáil le dátaí agus toradh amháin. Ní chuirfear aon taifid ná sonraí ar fáil d'Acmhainní Daonna Straitéiseacha. Cé go bhfuiltear ag súil leis go ndéanfaidh fostaithe an CNOS nochtadh laistigh den CNOS, aithnítear san Acht gur féidir leis seo a bheith míchuí nó dodhéanta faoi chúinsí áirithe. Foráiltear sa reachtaíocht do shé bhealach chun nochtadh a dhéanamh. Féach Aguisín C chun teacht ar eolas breise ar bhealaí chun nochtadh a dhéanamh:

- le fostóir nó duine freagrach eile;
- le duine forordaithe; faoi mar a leagtar amach in Ionstraim Reachtúil IR 367/2020.
- le hAire;
- leis an gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta;
- le comhairleoir dlí; nó
- le tríú páirtí i gcásanna eile

### 9.1 NOCHTADH LE FOSTÓIR NÓ LE DUINE FREAGRACH EILE FAOI ALT 6 DEN ACHT

Cumhdaítear nochtadh le fostóir nó duine freagrach eile leis na beartais aonair um Nochtadh Cosanta i ngach comhlacht laistigh den earnáil, a thagann le hAlt 21 den Acht um Nochtadh Cosanta agus le treoir na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. I bhformhór na gcásanna, ba cheart go mbeadh oibrithe in ann nochtadh cosanta a dhéanamh go hinmheánach lena bhfostóir. Cé nach féidir le comhlachtaí poiblí iallach a chur ar oibrithe nochtadh cosanta a dhéanamh go hinmheánach sula ndéanann siad é le hAire nó go seachtrach ar bhealach eile, ba cheart do nósanna imeachta inmheánacha comhlachta phoiblí oibrithe a spreagadh chun amhlaidh a dhéanamh, agus ba cheart dóibh a dhearbhú go nglacfar go dáiríre le nochtadh inmheánach agus go bhfaighidh an t-oibrí a dhéanann an nochtadh cosaint chuí.

### 9.3 NOCHTADH LE HAIRE FAOI ALT 8 AGUS ALT 10 DEN ACHT.

Is féidir Nochtadh Cosanta a dhéanamh faoi Alt 8 agus Alt 10,

- Má tá nó má bhí an t-oibrí fostaithe sa chomhlacht poiblí, **agus**
- Má dhéantar an nochtadh le hAire Rialtais nó Aire Stáit a bhfuil feidhmeanna acu faoi reachtaíocht maidir leis an gcomhlacht sin.

Ní mór **an dá** chritéar thuas a bheith comhlíonta, chomh maith leis na tástálacha eile faoin Acht.

### 9.4 NOCHTADH LE HAIRE FAOI ALT 8 DEN ACHT

Má tá nó má bhí oibrí fostaithe i gcomhlacht poiblí, féadfaidh an t-oibrí nochtadh cosanta a dhéanamh leis Aire ábhartha. Ba cheart an tAire ábhartha don chomhlacht poiblí a aithint sna Nósanna Imeachta.

Sainmhínítear "**Aire ábhartha**" mar Aire a bhfuil freagracht air nó uirthi as an gcomhlacht poiblí lena mbaineann agus a bhfuil feidhmeanna, cibé acu reachtúla nó eile, maidir leis an gcomhlacht poiblí sin, dílsithe ann nó inti, nó mar Aire Stáit ar a bhfuil aon fheidhm den sórt sin tarmligthe. Go ginearálta, is é seo an tAire do mháthair-roinn an chomhlachta phoiblí.

Chun nochtadh a dhéanamh le hAire ábhartha, caithfidh an t-oibrí a chreidiúint go réasúnta gur dealraitheach go dtaispeántar san eolas a nochtar ceann amháin nó níos mó de na héagóracha ábhartha; agus caithfidh ceann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas a bheith i gceist freisin:

**I.** Rinne an t-oibrí nochtadh roimhe seo i leith an eolais atá go substainteach mar an gcéanna lena bhfostóir, le duine eile freagrach, duine forordaithe, nó Aire ábhartha, de réir mar a bheidh, ach níor cuireadh aon aiseolas ar fáil dóibh mar fhreagairt don nochtadh laistigh den tréimhse a cheadaítear, nó, sa chás gur cuireadh aiseolas ar fáil, go gcreideann an duine tuairiscithe go réasúnta nach ndearnadh aon ghníomh leantach nó go ndearnadh gníomh neamhleor leantach;

**II.** Creideann an t-oibrí go réasúnach go bhfuil ceann an chomhlachta phoiblí atá i gceist comhpháirteach san éagóir ábhartha a tugadh le fios;

**III.** Creideann an t-oibrí go réasúnta go bhfuil eolas sa nochtadh faoi éagóir ábhartha a d'fhéadfadh garbhaol nó baol soiléir a chur roimh leas an phobail, ar nós cás éigeandála nó baol i leith díobháil nach féidir a chur ina ceart.

Lena chinntiú go bhfuil an tAire ábhartha ar an eolas ar intinn an oibrí, moltar go sonraíonn an t-oibrí, nuair a dhéantar nochtadh faoin gcainéal seo, gur nochtadh leis Aire atá ann a ainmnítear faoi alt 8 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Ceanglaítear nochtadh a fhaigheann Airí a chur ar aghaidh chuig an gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta laistigh de 10 lá féilire óna bhfáil. Is é príomhdhualgas an Choimisinéara aon tuairiscí a fhaightear a atreorú chuig an duine forordaithe is cuí, bíodh Duine Forordaithe nó duine oiriúnach eile sa duine sin. Ba cheart aon fhiosrúcháin nó comhfhreagras breise a thagann chun cinn tar éis an tuairisc a sheoladh a chur ar aghaidh chuig an gCoimisinéir.

Is é an tAire Stáit Oideachais Speisialta agus Ionchuimsithe an tAire ábhartha a bhfuil freagracht air/uirthi as an CNOS. Is féidir tuairiscí a dhéanamh faoi rún[5] le protected_disclosures@education.gov.ie trí úsáid a bhaint as an bhFoirm Fógra um Nochtadh Cosanta ag Aguisín A.

## 9.5 NOCHTADH LEIS AN GCOIMISINÉIR UM NOCHTADH COSANTA FAOI ALT 7 AGUS ALT 10 DEN ACHT

Cruthaíodh Oifig an Choimisinéara um Nochtadh Cosanta faoin Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022. Tá cumhachtaí agus freagrachtaí áirithe ag/ar an gCoimisinéir faoin Acht. Is é príomhdhualgas an Choimisinéara aon tuairiscí a fhaightear faoin Acht a atreorú chuig an duine forordaithe is cuí (nó chuig duine oiriúnach eile, mura féidir duine forordaithe a shainaithint). Níor cheart don Choimisinéir fiosrú leantach a dhéanamh go díreach ar thuairisciú ach mar rogha dheiridh.

Is féidir leis an gCoimisinéir nochtadh a fháil trí chainéil sheachtracha tuairiscithe, nach mór dóibh na critéir chéanna a shásamh atá le sásamh ag na cainéil sheachtracha tuairiscithe do dhaoine forordaithe. Is féidir leis an gCoimisinéir nochtadh a fháil freisin a aistríodh ar aghaidh ó Airí Rialtais, de réir Alt 9.4 thuas.

Ní mór don Choimisinéir duine nó daoine ainmnithe neamhchlaonta a cheapadh freisin. Caithfidh an duine ainmnithe seo a bheith freagrach as faisnéis a sholáthar maidir le nochtadh seachtrach a dhéanamh, as tuairiscí a fháil agus a fhiosrú, as leanúint de chumarsáid a dhéanamh leis an duine tuairiscithe, agus, nuair is gá, as tuilleadh faisnéise a iarraidh agus aiseolas a thabhairt don duine tuairiscithe.

[5] Chun teacht ar bhreis eolais ar rúndacht, féach mír 12

***Tuairisc a fháil***
Nuair a fhaigheann an Coimisinéir tuairisc, laistigh de 14 lá féilire (nó tréimhse níos faide a mheastar a bheith réasúnta de bharr nádúr agus chastacht na tuairisce), ní mór don Choimisinéir an duine forordaithe is cuí dar leis/léi a shainaithint agus an tuairisc a tharchur chuige/chuici.

De rogha air sin, féadfar an tuairisc a tharchur chuig duine oiriúnach eile, i gcás nach measann an Coimisinéir go bhfuil duine forordaithe cuí ann; nó, ag cur san áireamh chineál na héagóra lena mbaineann, má mheasann an Coimisinéir nár cheart an tuairisc a tharchur chuig an duine forordaithe mar gheall ar an mbaol go ndéanfaí pionós tromchúiseach i gcoinne an duine tuairiscithe, nó go gcuirfí fianaise ar an éagóir i bhfolach nó go scriosfaí í. Ní mór a chur in iúl do dhaoine oiriúnacha a n-oibleagáidí faoin Acht nuair a tharchuirtear tuarascáil chucu.

Ní mór an duine tuairiscithe a chur ar an eolas, a luaithe is indéanta, faoi tharchur na tuairisce agus na cúiseanna leis sin, chomh maith le haon síneadh ar an tréimhse 14 lá dá dtagraítear thuas.

Ní ghlacfaidh an Coimisinéir leis an tuairisc agus ní chuirfidh sé/sí an duine tuairiscithe ar an eolas ach amháin i gcás nach féidir duine forordaithe nó duine oiriúnach eile a shainaithint. Nuair a ghlactar leis an tuairisc, ní mór don Choimisinéir measúnú tosaigh, aiseolas agus fiosrú leantach a dhéanamh.

Féadfaidh duine a n-aistrítear tuairisc chuige nó chuici ag an gCoimisinéir fógra a thabhairt don Choimisinéir laistigh de 7 lá féilire óna fáil go measann siad nach dtagann an tuairisc faoina réimse feidhme, agus na cúiseanna leis sin a shonrú. Féadfaidh an Coimisinéir gan glacadh leis an tuairim sin; nó glacadh leis an tuairim agus an nochtadh a tharchur chuig duine forordaithe eile / duine oiriúnach eile; nó, i gcás nach féidir duine forordaithe / duine oiriúnach a shainaithint, glacadh leis an tuairisc agus fiosrú leantach a dhéanamh.

### 9.6 NOCHTADH I GCÁSANNA EILE FAOI ALT 10 DEN ACHT

Féadfaidh nochtadh do thríú páirtí, m.sh. iriseoir nó ionadaí poiblí (lena n-áirítear Airí agus Teachtaí Dála), faoi Alt 10 - Nochtadh i gcásanna eile den Acht um Nochtadh Cosanta, a bheith ina nochtadh cosanta má chomhlíonann sé roinnt coinníollacha:

a) Creideann an nochtóir go réasúnta gur dealraitheach go dtaispeántar san fhaisnéis a nochtar éagóir ábhartha, agus go bhfuil aon líomhaintí a chuimsítear inti, fíor **go substainteach** agus cibé acu:
   (i) rinne an t-oibrí tuairisciú inmheánach agus/nó seachtrach agus/nó le hAire ach creidtear go réasúnta nach ndearnadh aon ghníomh nó go ndearnadh gníomh neamhleor; nó
   (ii) creideann an t-oibrí go réasúnta
   - go bhféadfadh garbhaol nó baol soiléir roimh leas an phobail a bheith san éagóir ábhartha; nó
   - go mbeidh pionós mar thoradh ar thuairisciú go hinmheánach nó go seachtrach nó chuig Aire, nó go bhfuil dóchúlacht íseal ann go ndéanfar aghaidh a thabhairt ar an éagóir lena mbaineann

Faoi gach ceann de na cúinsí seo, is réasúnta don nochtóir chun an nochtadh a dhéanamh le tríú páirtí. Cuirtear san áireamh sa mheasúnú ar an méid atá réasúnta, i measc rudaí eile, aitheantas an duine lena ndéantar an nochtadh, tromchúise na héagóra, cé acu ar ndeachthas nó nach ndeachthas i mbun aon ghnímh i gcásanna ina ndearnadh nochtadh roimhe seo.

Chun teacht ar eolas breise ar na cainéil tuairiscithe thuas, féach Alt 6-10 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014

## 10. Nochtadh gan ainm

Tá idirdhealú ann idir nochtadh gan ainm (ina gcoinníonn an té a dhéanann an nochtadh a (h)aitheantas faoi rún) agus nochtadh rúnda (ina gcosnaíonn an faighteoir aitheantas an duine a dhéanann an nochtadh).

Is féidir le hoibrí nochtadh gan ainm a dhéanamh más mian leo amhlaidh a dhéanamh. Meastar go bhfuil nochtadh gan ainm:

- mura nochtar aitheantas an nochtóra agus mura gcuirtear aon sonraí teagmhála don nochtóir ar fáil, nó
- mura nochtann an nochtóir a (h)ainm ach cuireann sé/sí sonraí teagmhála ar fáil.

Déanfar gníomhú ar nochtadh gan ainm a mhéid is féidir, ag cur san áireamh na srianta atá ann maidir le tuilleadh faisnéise a fháil faoin éagóir líomhnaithe.

Agus breithniú iomlán agus cuí á dhéanamh ar nochtadh gan ainm, ba chóir a thabhairt faoi deara nach féidir leis an oibrí a dhéanann nochtadh gan ainm leas a bhaint as na cosaintí atá ar fáil faoin Acht ná as gnéithe tábhachtacha den treoir seo um nochtadh cosanta (m.sh. an duine a rinne an nochtadh a choinneáil ar an eolas), murach go bhfuil an t-oibrí sásta a (h)ainm a nochtadh.   Anuas air sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir le hoibrí sásamh a fháil faoin Acht gan iad féin a shainaithint.

## 11. Aiseolas

Aithneofar tuairiscí ar éagóir líomhnaithe a fhaightear ó oibrí sa CNOS laistigh de 7 lá. Nuair a dhéantar nochtadh ar éagóir líomhnaithe, déantar próiseas scagtha tosaigh, lena n-áirítear measúnú, ag an bhfaighteoir. Áireofar sa phróiseas scagtha measúnú ar an nochtadh chun a chinneadh ar cheart nó nár cheart é a láimhseáil mar nochtadh cosanta féideartha. Déanfaidh páirtí seachtrach neamhspleách an measúnú.

Breithneoidh an measúnú an bhfuil an éagóir líomhnaithe tromchúiseach nó mion, an bhfuil sé ina rud is féidir a imscrúdú nó nach bhfuil, agus, más féidir í a imscrúdú, cén céimeanna ba cheart a ghlacadh mar chuid den imscrúdú sin. Féach Aguisín E chun teacht ar eolas ar imscrúdú. Soláthróidh an faighteoir aiseolas don oibrí laistigh de thrí mhí maidir leis na ceisteanna a nochtadh agus cuirfear an duine sin ar an eolas nuair a bheidh breithniú an nochta críochnaithe, seachas i gcásanna eisceachtúla.

Ní sholáthrófar eolas pearsanta maidir le hoibrí eile, cosúil le cibé acu ar thit nó nár thit próiseas smachtaithe amach agus toradh aon phróisis den saghas sin.

Oibleagáidí ar fhaighteoir nochta:

- A aithint go bhfuarthas an nochtadh laistigh de 7 lá.
- An t-eolas a tuairiscíodh a fhiosrú go dícheallach.
- Aiseolas a sholáthar laistigh de 3 mhí.
- Aiseolas leanúnach a sholáthar ag eatraimh 3 mhí (ar iarraidh).

## 12. Rúndacht/cosaint aitheantais

Foráiltear san Acht nach ndéanfaidh faighteoir aon fhaisnéis a nochtadh do dhuine eile a d'fhéadfadh an nochtóir a shainaithint, seachas sna cásanna seo a leanas:

*(a)* Is oibleagáid riachtanach agus chomhréireach é an nochtadh a fhorchuirtear le dlí an Aontais nó le dlí an Stáit i gcomhthéacs imscrúduithe nó imeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear chun cearta cosanta an duine lena mbaineann a chosaint;

*(b)* An faighteoir:

- (i) taispeánann siad go ndeachaigh siad i mbun gach birt réasúnta lena sheachaint aitheantas an duine tuairiscithe a nochtadh;
- (ii) creideann siad go réasúnta gur gá aitheantas an duine tuairiscithe nó aon fhaisnéis den sórt sin a nochtadh chun cosc a chur ar riosca tromchúiseach i leith shlándáil an Stáit, sláinte phoiblí, sábháilteacht phoiblí nó an chomhshaoil;
- (iii) chun cosc a chur ar choireacht nó ar chion coiriúil a ionchúiseamh, nó

*(c)* ceanglaítear an nochtadh faoin dlí.

Nuair a dhéantar cinneadh gur gá faisnéis a nochtadh a d'fhéadfadh aitheantas an duine a rinne an nochtadh a nochtadh, cuirfear an duine sin ar an eolas i scríbhinn, sula nochtfar a (h)aitheantas nó an fhaisnéis lena mbaineann, mura gcuirfeadh an fógra sin i mbaol:

(a) imscrúdú éifeachtach a dhéanamh ar an éagóir ábhartha atá i gceist,
(b) cosc a chur ar riosca tromchúiseach i leith shlándáil an Stáit, sláinte phoiblí, sábháilteacht phoiblí nó an chomhshaoil; nó
(c) cosc a chur ar choireacht nó ar chion coiriúil a ionchúiseamh.

Féadfaidh an duine a dhéanann an nochtadh athbhreithniú ar an gcinneadh seo a lorg ón nGrúpa Athbhreithnithe.

## 13. Cén cosaintí a chuirtear ar fáil dóibh siúd a dhéanann nochtadh?

Leagtar amach san Acht cosaintí agus coisctear ann pionósú oibrithe a dhéanann nochtadh. D'fhéadfaí cúiteamh a mhéad le luach saothair cúig bliana a bhronnadh ar oibrí má dhífhostaítear go héagórach iad. Féach Cuid 3 den Acht um Nochtadh Cosanta. Mar sin féin, ní thabharfar cosaintí faoin Acht d'oibrí a dhéanann nochtadh bréagach nó míthreorach go heolach.

Ciallaíonn pionósú aon ghníomh nó easnamh a dhéanann difear d'oibrí agus chun dochair oibrí, agus áirítear leis an méid seo a leanas, ach go háirithe–

a) fionraí, leagan as nó dífhostú;
b) ísliú céime, caillteanas deise d'ardú céime, nó ardú céime a shiarchoinneáil;
c) aistriú dualgas, athrú ar láthair nó áit oibre, laghdú ar phá nó athrú ar uaireanta oibre;
d) aon disciplín, iomardú nó pionós eile a ghearradh nó a riar (pionós airgeadais san áireamh);
e) comhéigean, imeaglú, ciapadh nó dúdhiúltú;
f) idirdhealú, míbhuntáiste nó caitheamh éagórach;
g) gortú, díobháil nó caillteanas;

h) bagairt ar bheart díoltais;
i) oiliúint a shiarchoinneáil;
j) measúnú feidhmíochta nó teistiméireacht fostaíochta dhiúltach;
k) teip ar chonradh fostaíochta sealadach a thiontú ina chonradh buan, nuair a bhí ionchas dlisteanach ag an oibrí go dtairgfí fostaíocht bhuan dó nó di;
l) teip ar chonradh fostaíochta sealadach a athnuachan nó deireadh luath a chur leis;
m) díobháil, lena n-áirítear díobháil do chlú an oibrí, go háirithe ar na meáin shóisialta, nó caillteanas airgeadais, lena n-áirítear caillteanas gnó agus ioncaim;
n) cur ar liosta dubh ar bhonn comhaontú neamhfhoirmiúil nó foirmiúil earnála nó tionscail, rud a bhféadfadh nach bhfaighidh an duine fostaíocht san earnáil nó sa tionscal amach anseo dá bharr;
o) deireadh luath a chur le conradh le haghaidh earraí nó seirbhísí nó é a chealú;
p) a ceadúnas nó cead a chealú; agus
q) atreoruithe síciatracha nó leighis

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach liosta críochnaitheach é seo. Tá aon chineál pionósaithe á chosc, agus ní chiallaíonn sé nach féidir cineál iompair nó pionósaithe a mheas mar phionósú faoin Acht toisc nach luaitear go sonrach é san Acht.

Cosnóidh an CNOS oibrithe a thugann ábhair imní chun solais i gcoinne pionósú trí gach líomhain den sórt sin a imscrúdú agus trí ghníomh cuí a dhéanamh ina gcoinne siúd a dhéanann é. Déanfaidh an CNOS imscrúdú agus an gníomh cuí smachtaithe i gcoinne aon oibrí:

- a dhéanann pionósú nó a fhéachann le pionósú a dhéanamh ar oibrí a rinne nochtadh atá á láimhseáil mar nochtadh cosanta, cibé acu a mheastar nó nach meastar gur nochtadh cosanta é
- a fhaightear a bheith ag iarraidh gan ghá nó go míchuí oibrí a rinne nochtadh faoin reachtaíocht a shainaithint
- a nochtann, ach amháin in imthosca atá ceadaithe faoi alt 16(2) den Acht um Nochtadh Cosanta, sonraí a d’fhéadfadh aitheantas oibrí a rinne nochtadh atá á láimhseáil mar nochtadh cosanta a nochtadh.

Is féidir a chinntiú d’oibrithe go ndéanfar gach beart réasúnta chun iad a chosaint ar phionósú mar gheall ar nochtadh a dhéanamh, agus ba cheart d’aon oibrí a rinne tuairisc ar éagóir agus a fhulaingíonn aon ghníomh pionósaithe é sin a chur in iúl don Cheann Tacaíochta Daoine, Forbartha agus Bunathraithe. D’fhéadfadh go mbeadh eachtraí díoltais i gcoinne oibrí a dhéanann tuairisc faoin treoir seo faoi réir gnímh faoi Chód Smachtaithe na Státseirbhíse

Ba chóir d’oibrí atá ag smaoineamh ar nochtadh a dhéanamh a bheith ar an eolas nach dtugann nochtadh cosaint dóibh ó iarmhairtí a n-éagóra féin.

### 14. Cosaint an duine a ndearnadh líomhain éagóra ina (h)aghaidh (i.e. an Freagróir)

Nuair a dhéantar líomhain in aghaidh duine aonair (“an Freagróir”), déanfar prionsabail an cheartais aiceanta agus nósanna imeachta cothroma a ghairm. Féadtar a áireamh leis seo ceart chun cur in aghaidh na fianaise ina n-aghaidh. Ba cheart dul i mbun na mbeart réasúnta go léir, fad a bhíonn imscrúdú ar bun, chun rúndacht iad siúd a chosaint atá faoi réir líomhaintí i nochtadh cosanta, ar feitheamh thoradh an imscrúdaithe. Nuair is gá an freagróir a chur faoi agallamh le linn an imscrúdaithe, ba cheart a chur in iúl dóibh go bhfuil sé de cheart acu comhghleacaí nó ionadaí foirne, etc., a bheith in éineacht leo más mian leo.

Ba cheart an Freagróir a áireamh sa phróiseas imscrúdaithe agus iad a chur ar an eolas, a mhéid is féidir, faoi shonraí aon líomhna ina gcoinne, ag cur san áireamh ceanglais rúndachta an Achta, agus tabharfar deis dóibh, mar chuid d'imscrúdú iomlán, a gcás a chur chun cinn mar fhreagra ar an líomhain/na líomhaintí.

Tá cásanna an-teoranta ann nach mbaineann an dualgas rúndachta leo, rud a cheadaíonn aitheantas an duine tuairiscithe a nochtadh don Fhreagróir. D'fhéadfadh sé seo é a dhéanamh deacair deis a thabhairt don Fhreagróir an fhianaise a cheistiú agus d'fhéadfadh sé tionchar a imirt ar chur i bhfeidhm an cheartais aiceanta agus nósanna imeachta cothroma.

I gcás nach féidir aitheantas an duine tuairiscithe a nochtadh don Fhreagróir, d'fhéadfadh go mbeadh sé indéanta don Fhreagróir ceisteanna a chur agus an fhianaise a cheistiú trí idirghabhálaí (mar shampla, cuirtear na ceisteanna i scríbhinn trí thríú duine/an t-imscrúdaitheoir, a chuireann ar aghaidh ansin iad ar leithligh chuig an duine tuairiscithe, agus a chuireann an Freagróir ar an eolas faoi fhreagra an duine tuairiscithe).

Tiocfaidh deacrachtaí chun cinn freisin nuair a dhéantar nochtadh cosanta gan ainm. Sa chás seo, mar shampla, b'fhéidir nach mbeifear in ann fianaise bhreise a fháil ón duine tuairiscithe, ná deis a thabhairt don Fhreagróir an duine a rinne an tuairisc a cheistiú. Ar an taobh eile den phingin, is é an t-aon fhaisnéis a bheidh ar fáil ón duine tuairiscithe ná ábhar an nochta.

I gceachtar cás, bíodh is gurb eol nó nach eol aitheantas an duine tuairiscithe, ba cheart cead a thabhairt don Fhreagróir freagairt d'ábhar an nochta, agus freagairt freisin d'aon fhianaise nó ráitis finné a bhailítear mar chuid den imscrúdú.

## 15. Athbhreithniú

Ceadaítear sna Nósanna Imeachta córas athbhreithnithe ar chinneadh nó próiseas ar iarraidh páirtí a ndearna aon chinn de na próisis a leanas difear dóibh:

I. Tabhairt faoi aon ghníomhartha leantacha nó an toradh ar aon ghníomhartha (aon imscrúdú san áireamh) a rinneadh de bhun tuairisc a fháil;

II. Tabhairt faoi aon imscrúdú nó an toradh ar aon imscrúdú ar ghearán i leith pionósú; agus

III. Aon chinneadh aitheantas duine a thugann ceist le fios a nochtadh (seachas i gcásanna eisceachtúla).

Sa chás go bhfuil páirtí míshásta leis an gcinneadh tar éis an imscrúdaithe, is ceadmhach dóibh a iarraidh ar an bhfaighteoir go ndéanfaidh an Grúpa Athbhreithnithe scrúdú ar an bpróiseas imscrúdaithe laistigh de 10 lá oibre ón dáta a fuarthas an cinneadh sin. Tabhair faoi deara **nach mbeidh** ath-imscrúdú ar an nochtadh i gceist leis seo, ach scrúdú ar an bpróiseas imscrúdaithe. Beidh toradh an imscrúdaithe seo ina scrúdú inmheánach críochnaitheach ar an gceist. Féach Aguisín B chun tuilleadh eolais a fháil maidir le nochtadh a dhéanamh agus athbhreithniú a iarraidh ón nGrúpa Athbhreithnithe.

## 16. Ról an Ghrúpa Athbhreithnithe

Áirithe le treoir an CNOS Grúpa Athbhreithnithe a bhunú. Ceann Rialachais agus bainisteoir sinsearach eile sa CNOS agus ionadaí dlíthiúil sinsearach, faoi mar a theastaíonn, a bheidh sa Ghrúpa Athbhreithnithe. Is é an ról atá acu:

*(a)* Athbhreithniú, ar iarraidh an nochtóra, ar mheasúnú tosaigh maidir leis an gcinneadh gan dul ar aghaidh le nochtadh chuig imscrúdú.
*(b)* Oifigeach nó oifigeach malartach a shannadh chun an nochtadh a imscrúdú, de réir mar is cuí.
*(c)* Athbhreithniú, ar iarraidh, ar an bpróiseas imscrúdaithe sa chás nach bhfuil an nochtóir sásta le cinneadh an imscrúdaithe.
*(d)* Monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar mholtaí torthaí tuairisce a chur i bhfeidhm (más ann dóibh).
*(e)* Togra a athbhreithniú chun aitheantas nochtóra a nochtadh gan a gcead sula nochtfar an t-aitheantas (seachas i gcásanna eisceachtúla).
*(f)* Athbhreithniú ar thogra chun nochtadh a chur faoi imscrúdú go seachtrach trí chreat um Nochtadh Cosanta na hOifige um Sholáthar Rialtais a úsáid.
*(g)* Toradh aon mheasúnaithe/imscrúdaithe i dtaca le haon ghearán faoi phionósú a athbhreithniú.
*(h)* Na torthaí ar athbhreithnithe a rinne an Grúpa Athbhreithnithe a chur in iúl don Cheann Iniúchóireachta Inmheánaí.
*(i)* Aon chinntí a chur in iúl i scríbhinn a rinneadh don nochtóir/faighteoir agus coimeádfaidh Rúnaí an Ghrúpa cóip de na cinntí go léir.

Toradh inmheánach críochnaitheach é cinneadh an Ghrúpa Athbhreithnithe gan dul ar aghaidh leis an gceist.

### 17. Ról an Chinn Iniúchóireachta Inmheánaí

Is é ról an Chinn Iniúchóireachta Inmheánaí, nuair a rinne fostaí an CNOS nochtadh cosanta:

(a) taifid a choimeád ar gach nochtadh.

(b) An faighteoir a chur ar an eolas, go ginearálta laistigh de 10 lá oibre (agus tráth nach déanaí ná 16 lá oibre), faoi thoradh an athbhreithnithe, a bheidh mar (i) nó (ii) thíos;

(i) Aontú le cinneadh an fhaighteora gan dul ar aghaidh le himscrúdú; nó

(ii) Easaontú le cinneadh an fhaighteora agus, cibé acu an nochtadh a tharchur ar ais chuig an bhfaighteoir chun imscrúdú a dhéanamh nó, más cuí, oifigeach imscrúdaithe nua a ainmniú.

(c) an Príomhfheidhmeannach a chur ar an eolas nuair a fhaightear nochtadh atá faoi réir imscrúdú agus faoi thoradh an imscrúdaithe, lena n-áirítear moltaí na tuairisce (más ann dóibh).

(d) tuairisciú don Phríomhfheidhmeannach agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar shonraí gach nochta a cuireadh ar a n-aird agus ar a gcuid torthaí.

(e) monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí a cuireadh le chéile mar thoradh ar thuairisc.

(f) idirchaidreamh a dhéanamh leis an nGrúpa Athbhreithnithe lena shocrú go n-ainmneofar faighteoir, faoi mar a theastaíonn.

(g) tuairisc achomair a chur ar fáil ar gach nochtadh cosanta, a áireofar i dTuarascáil Bhliantúil na Roinne de réir mar a cheanglaítear faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

(h) monatóireacht a dhéanamh ar oibriú agus bainistiú ar Nochtadh Cosanta agus tuairisciú a dhéanamh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

## 18. Ról an Bhainisteora um Nochtadh Cosanta

Nuair a rinne oibrí sa CNOS nochtadh cosanta, is é ról an Bhainisteora um Nochtadh Cosanta, Acmhainní Daonna Straitéiseacha:

*(a)* Nochtadh a thaifeadadh agus a rianú.
*(b)* Obair an Ghrúpa Athbhreithnithe a stiúradh agus tacú léi, mar a thugtar cuntas uirthi thuas.
*(c)* Athbhreithnithe tréimhsiúla a dhéanamh agus nósanna imeachta um nochtadh cosanta a mheas, nuair is cuí, agus tuairisciú a dhéanamh don bhainistíocht shinsearach agus don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

## 19. Ról an Chinn Acmhainní Daonna

Nuair a rinne oibrí sa CNOS nochtadh cosanta, is é ról an Chinn Tacaíochta Daoine, Forbartha agus Bunathraithe:

*(a)* Aon chásanna pionósaithe a imscrúdú a thug oibrí le fios.
*(b)* Cinneadh a dhéanamh ar an ngníomh smachtaithe atá riachtanach nuair a bhunaítear go ndearna oibrí nochtadh bréagach, míthreorach, suaibhreosach nó mailíseach go feasach.
*(c)* Eolas a chur ar fáil ar nósanna imeachta imscrúdaithe.

## 20. Ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tabharfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhairle don Chomhairle maidir le beartais frithchalaoise, próisis um nochtadh cosanta, agus socruithe d’imscrúduithe speisialta.

## 21. Ról Chomhairle an CNOS

Is é ról Chomhairle an CNOS an beartas um Nochtadh Cosanta de chuid an CNOS a cheadú agus maoirseacht a dhéanamh air, agus a chinntiú go gcuirtear ar an eolas í ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca agus ag Iniúchóireacht Inmheánach maidir le feidhmiú an bheartais um Nochtadh Cosanta agus maidir le nochtadh cosanta atá idir lámha.

## 22. Taifid

Toisc nach fios ag tráth an nochta an measfar ina dhiaidh sin go bhfuil nó nach bhfuil sé á chosaint faoin Acht, ba cheart taifid scríofa, lena n-áirítear amlínte, a choimeád maidir le haon mheasúnú agus/nó imscrúdú a dhéantar.

Ba cheart taifid ar nochtadh a tugadh chun solais, an toradh ina measc, a choimeád ar feadh seacht mbliana, ar a laghad, i ndiaidh gur dhún an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí an cás. Ba chóir na taifid seo a choimeád i bhfoirm rúnda agus shlán nach gcuireann rúndacht an duine atá ag nochtadh i mbaol agus nach ndéanann damáiste dá gcáil.

Foilsítear Tuarascáil Bhliantúil ar Nochtadh Cosanta, i gcomhréir le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 tráth nach déanaí ná an 31 Márta i ngach bliain maidir leis an mbliain roimhe sin. Cuirfear an t-eolas atá leagtha amach sa tuarascáil bhliantúil ar fáil ar bhealach nach gceadóidh an duine atá ag tuairisciú nó ná daoine atá i gceist a aithint. Foilsítear Tuarascálacha Bliantúla ar líne ag:

gov.ie - Tuarascálacha Bliantúla um Nochtadh Cosanta (www.gov.ie)

## Aguisín A: Foirm Fógra um Nochtadh Cosanta

Sula líonann tú an fhoirm seo, ba chóir duit na Treoracha atá ceangailte maidir le nochtadh cosanta a thuairisciú sa láthair oibre a léamh go cúramach agus a chinntiú go gclúdaítear ábhar d'imní sa reachtaíocht.

Tabhair faoi deara, is éard is nochtadh cosanta, san Acht, ná **nochtadh faisnéise** ina léirítear, dar le do **chreideamh réasúnta**, go bhfuil **éagóir ábhartha** amháin nó níos mó ann; a cuireadh ar d'aird i **gcomhthéacs oibre**; agus a nochtar ar an mbealach atá sonraithe san Acht. Má dhéanann tú nochtadh cosanta is eol duit, nó ar chóir duit a bheith ar eolas agat go réasúnta, go bhfuil sé bréagach, beidh tú ciontach i gcion faoin reachtaíocht.

1. Is mian liomsa ........................................(ainm an oibrí a bhfuil an nochtadh cosanta á dhéanamh acu) nochtadh a dhéanamh faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 arna leasú ag an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022

2. Grád……………………..........................................................................................
   Áit oibre.......................................................................................................….

3. Catagóir Éagóra

   □ go ndearnadh cion, go bhfuil cion á dhéanamh nó gur dóchúil go ndéanfar cion,

   □ gur theip ar dhuine, go bhfuil ag teip ar dhuine nó gur dóchúil go dteipfidh ar dhuine aon oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh, seachas oibleagáid a thagann aníos faoi chonradh fostaíochta nó conradh eile an oibrí ina ngeallann an t-oibrí chun aon obair nó seirbhísí a dhéanamh nó chun tabhairt fúthu go pearsanta.

   □ gur tharla iomrall ceartais, go bhfuil iomrall ceartais ag tarlú nó gur dóchúil go dtarlóidh iomrall ceartais,

   □ go ndearnadh sláinte nó sábháilteacht aon duine aonair a chur i mbaol, go bhfuil sláinte nó sábháilteacht aon duine aonair á cur i mbaol, nó gur dóchúil go gcuirfear sláinte nó sábháilteacht aon duine aonair i mbaol,

   □ go ndearnadh díobháil don chomhshaol, go bhfuil díobháil á déanamh don chomhshaol, nó gur dóchúil go ndéanfar díobháil don chomhshaol,

   □ gur baineadh úsáid neamhdhleathach nó mhíchuí ar bhealach eile as cistí nó acmhainní comhlachta phoiblí, nó as airgead poiblí eile, go bhfuil úsáid neamhdhleathach nó mhíchuí ar bhealach eile á baint as cistí nó acmhainní comhlachta phoiblí nó as airgead poiblí eile, nó gur dóchúil go mbainfear úsáid neamhdhleathach nó mhíchuí ar bhealach eile as cistí nó acmhainní comhlachta phoiblí nó as airgead poiblí eile,

   □ go bhfuil gníomh nó easnamh a rinne comhlacht poiblí nó a rinneadh thar ceann comhlacht poiblí leatromach, idirdhealaitheach nó thar a bheith faillíoch nó gurb ionann agus fíor-mhíbhainistíocht é,

   □ gur tharla sárú ar dhlí sonraithe an AE a leagtar amach sa Treoir, go bhfuil dlí sonraithe an AE a leagtar amach sa Treoir á shárú, nó gur dóchúil go sárófar dlí sonraithe an AE a leagtar amach sa Treoir, nó

   □ go ndearnadh faisnéis a thugann le fios go bhfuil aon cheist atá in aon chinn de na hailt roimhe seo á ceilt nó a milleadh, nó go bhfuil an fhaisnéis sin á ceilt nó á milleadh nó gur dóchúil go ndéanfar í a cheilt nó a mhilleadh, nó go ndearnadh iarracht, go bhfuil iarracht á déanamh nó gur dóchúil go ndéanfar iarracht an fhaisnéis sin a cheilt nó a mhilleadh.

4. Dáta na héagóra líomhnaithe (más eol) nó an dáta a tosaíodh an éagóir líomhnaithe
   ………………………………………………………………………….......................................

5. An bhfuil an éagóir líomhnaithe ar bun go fóill?.............……………………………………
6. Ar nochtadh an éagóir líomhnaithe seo cheana féin, agus má nochtadh, le cén duine ar nochtadh í, cathain a nochtadh í agus cén gníomh a rinneadh?

...........................................................................................................................................

...........................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

7. Sonraí faoin nochtadh cosanta *(ba cheart a bheith cúramach gan ach ainm/ainmneacha an duine/na ndaoine a sholáthar a bhaineann go díreach leis an tuairisc)*

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

Cuir sonraí teagmhála[6] ar fáil ar féidir leis an bhfaighteoir iad a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leat:

Seoladh.............................................................................................................................

.......................................................................................................................................

.......................................................................................................................................

Uimh. Ghutháin..................................................................................................................

Ríomhphost.........................................................................................................

Síniú an oibrí......................................................................................................................

Dáta..............................................................................................................

[6] Gníomhófar ar nochtadh gan ainm a mhéid is féidir, ag cur san áireamh na srianta atá ann maidir le tuilleadh faisnéise a fháil faoin éagóir líomhnaithe.

Aguisín B: Léargas Ginearálta ar an bpróiseas um Nochtadh Cosanta

## Conas nochtadh a dhéanamh

## Cad ba cheart a bheith i nochtadh?

Ba cheart nochtadh faoin treoir seo a dhéanamh i scríbhinn más féidir, chun a chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis ábhartha uile ar fáil tráth a dhéantar an nochtadh. Tá Foirm Fógra um Nochtadh Cosanta ar ceangal ag Aguisín A.

Moltar, ar a laghad, gur cheart na sonraí a leanas a bheith i dtuairiscí:-

a) gur nochtadh cosanta í an tuairisc agus go bhfuil sí á déanamh faoi na Nósanna Imeachta;
b) ainm an duine tuairiscithe, a bpost san eagraíocht, a n-áit oibre agus sonraí teagmhála rúnda;
c) dáta na héagóra líomhnaithe (más eol) nó an dáta a tosaíodh an éagóir líomhnaithe nó a sainaithníodh í;
d) cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an éagóir líomhnaithe ar bun go fóill;
e) cibé acu ar nochtadh nó nár nochtadh an éagóir líomhnaithe cheana féin agus má nochtadh, le cén duine ar nochtadh í, cathain a nochtadh í agus cén gníomh a rinneadh;
f) eolas maidir leis an éagóir líomhnaithe (an méid atá ag titim amach / an méid a thit amach agus conas a thit sé amach) agus aon eolas a thacaíonn leis;
g) ainm aon duine/daoine a líomhnaítear a bhaineann leis an éagóir líomhnaithe (más eol aon ainm agus má mheasann an t-oibrí gur gá duine a ainmniú chun an éagóir a nochtar a thabhairt le fios); agus
h) agus aon fhaisnéis ábhartha eile.

Ba cheart go mbeadh dóthain sonraí sa nochtadh ionas go dtuigfeadh duine gan aon eolas roimh ré an cheist atá i gceist.

Moltar don oibrí a lua go ndéantar an nochtadh faoin Acht um Nochtadh Cosanta agus a shonrú an bhfuiltear ag súil le rúndacht nó nach bhfuil. [**Nóta:** Aithnítear san Acht agus sa Treoir nach mbíonn sé indéanta i gcónaí aitheantas an té a dhéanann an nochtadh a chosaint go hiomlán. Tá freagracht ar an bhfaighteoir, áfach, aitheantas an oibrí a chosaint a mhéid is indéanta go praiticiúil agus go pragmatach. [Féach mír 12: Rúndacht/cosaint aitheantais]

Níl aon fhormáid riachtanach ann chun nochtadh cosanta a dhéanamh. Is féidir aighneachtaí a dhéanamh:

(i) gan ainm [**Nóta:** Déanfar gníomhú ar nochtadh gan ainm a mhéid is féidir, ag cur san áireamh na srianta atá ann maidir le tuilleadh faisnéise a fháil faoin éagóir líomhnaithe.]
(ii) go leictreonach, ó bhéal nó i scríbhinn [**Nóta:** Nuair a dhéantar nochtadh ó bhéal, déanfaidh an faighteoir é a dhoiciméadú agus aontóidh an nochtóir leis.]

## Cad a tharlaíonn i ndiaidh duit nochtadh a dhéanamh?

Nuair a dhéantar nochtadh ar éagóir líomhnaithe, déantar próiseas scagtha tosaigh ina ndéanann an faighteoir measúnú. Is éard a bheidh i gceist sa phróiseas scagtha measúnú ar an nochtadh chun a chinneadh ar cheart nó nár cheart é a láimhseáil mar nochtadh cosanta féideartha. Breithneoidh an measúnú an bhfuil an éagóir líomhnaithe tromchúiseach nó mion, an bhfuil sé ina rud is féidir a imscrúdú nó nach bhfuil, agus, más féidir í a imscrúdú, cén bearta ba cheart a dhéanamh mar chuid den imscrúdú sin.

Soláthróidh an faighteoir aiseolas don duine maidir leis na ceisteanna a nochtadh agus cuirfear an duine sin ar an eolas nuair a bheidh breithniú an nochta críochnaithe, seachas i gcásanna eisceachtúla.

Riachtanas maidir le haiseolas faoin Acht:

- Aithint a dhéanamh laistigh de 7 lá, murach gur iarradh gan amhlaidh a dhéanamh nó dá gcuirfeadh amhlaidh a dhéanamh isteach ar aitheantas an duine tuairiscithe a chosaint.
- An t-eolas a tuairiscíodh a fhiosrú go dícheallach.
- Aiseolas a thabhairt laistigh de 3 mhí (nó 6 mhí i gcásanna eisceachtúla nuair a dhéantar tuairisciú le duine forordaithe).
- Aiseolas leanúnach a sholáthar ag eatraimh 3 mhí (ar iarraidh).
- Eolas a thabhairt ar an toradh deiridh a bhíonn ar aon imscrúdú a rinne tuairisc a thionscnamh.

Mura bhfuil tú sásta leis an toradh ag an gcéim thosaigh scagtha nó imscrúdaithe, beidh rogha agat athbhreithniú a iarraidh ag an nGrúpa Athbhreithnithe, féach thíos.

Cuirfear faisnéis agus aiseolas ar fáil faoi rún, áfach, níl dualgas ar an bhfaighteoir thú a chur ar an eolas faoi dhul chun cinn ná faoi thoradh aon phróisis smachtaithe a bhaineann le hoibrí eile. Go ginearálta, bíonn faisnéis den sórt sin faoi rún idir an fostóir agus an t-oibrí a gcuirtear smachtbhanna air/uirthi.

Féadfaidh tú comhairle dlí a lorg roimh nochtadh a dhéanamh agus ina dhiaidh. Is féidir leat comhairle neamhspleách a lorg am ar bith maidir le déileáil le pionósú nó le teip ar fhreagairt go leordhóthanach do nochtadh a dhéanamh.

### Cinneadh gan leanúint ar aghaidh agus imscrúdú a dhéanamh:

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndéantar aon fhoráil faoi leith d'imscrúduithe agus/nó gníomhartha a dhéanamh faoin reachtaíocht um Nochtadh Cosanta. Nuair is gá imscrúduithe agus/nó gníomhartha a dhéanamh, déanfar iad faoin mbeartas nó an nós imeachta cuí atá ann cheana, más ann dó.

Cuirfidh an faighteoir in iúl duit an bunús atá leis an gcinneadh seo. Má tá tú míshásta le cinneadh an fhaighteora gan an cheist a leanúint a thuilleadh, féadfaidh tú iarraidh ar athbhreithniú ar an gcinneadh scagtha tosaigh ag an nGrúpa Athbhreithnithe (tríd an bhfaighteoir) laistigh de 10 lá oibre[7] ó fuair tú an cinneadh.

### Grúpa Athbhreithnithe:

Déanfaidh an Grúpa Athbhreithnithe athbhreithniú ar an gcinneadh scagtha tosaigh agus cuirfidh siad an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí ar an eolas faoin iarratas ar athbhreithniú agus faoi thoradh an athbhreithnithe sin.
Cuirfidh Acmhainní Daonna Straitéiseacha tacaíocht rúnaíochta ar fáil don Ghrúpa Athbhreithnithe de réir mar is gá.

Is gnách go gcuirfidh an faighteoir an duine ar an eolas laistigh de 10 lá oibre (agus tráth nach déanaí ná 16 lá oibre), faoi thoradh an athbhreithnithe, a bheidh mar *(a)* nó *(b)* thíos.

*(a)* Aontú le cinneadh an fhaighteora gan dul ar aghaidh le himscrúdú

7 Níl achair ama éigeantach agus braitheann siad ar ábhair an nochta

(b) Easaontú le cinneadh an fhaighteora agus, cibé acu an nochtadh a tharchur ar ais chuig an bhfaighteoir chun imscrúdú a dhéanamh nó, más cuí, oifigeach imscrúdaithe nua a ainmniú.

### Cinneadh chun leanúint ar aghaidh agus imscrúdú a dhéanamh:

Cuirfidh an faighteoir in iúl don nochtóir an bunús atá lena gcinneadh maidir leis an scagadh agus cuirfear ar an eolas thú ar a ról san imscrúdú. Coinneofar an té a dhéanann an nochtadh ar an eolas faoi dhul chun cinn agus faoi thoradh an imscrúdaithe de réir mar is cuí, agus aird ar chineál na gceisteanna atá á n-imscrúdú.  Ní féidir amscálaí beachta ná céimeanna sonracha a leagan síos d'imscrúduithe, toisc go mbraitheann sé seo ar chineál na gceisteanna a tugadh chun solais; ach cuirfidh an faighteoir an nochtóir ar an eolas, mar sin féin, faoi dhul chun cinn, agus tabharfar an t-imscrúdú chun críche chomh tapa agus is féidir.

Sa chás go bhfuil an nochtóir míshásta leis an gcinneadh tar éis an imscrúdaithe, is ceadmhach dóibh a iarraidh ar an bhfaighteoir go ndéanfaidh an Grúpa Athbhreithnithe scrúdú ar an bpróiseas imscrúdaithe laistigh de 10 lá oibre ón dáta a fuarthas an cinneadh sin. Tabhair faoi deara **nach mbeidh** athimscrúdú ar an nochtadh i gceist leis seo, ach scrúdú ar an bpróiseas imscrúdaithe. Beidh toradh an imscrúdaithe seo ina scrúdú inmheánach críochnaitheach ar an gceist.

Toisc nach féidir a bheith eolach ag an tráth an measfar ina dhiaidh sin go bhfuil nochtadh á chosaint faoin Acht um Nochtadh Cosanta, ba cheart don fhaighteoir taifead scríofa, lena n-áirítear amlínte, a choimeád maidir lena ngníomhartha, amlínte san áireamh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfadh roinnt ceisteanna a bheith chomh tromchúiseach sin go mbeidh imscrúdú gairmiúil ag teastáil, mar shampla, ag saineolaithe ábhair, nó go mbeidh gá iad a thuairisciú do agus a imscrúdú ag an nGarda Síochána; más amhlaidh an cás, cuirfear an nochtóir ar an eolas dá réir sin.

**Nóta:** Sannann Acmhainní Daonna Straitéiseacha uimhir thagartha agus déanann siad nochtadh a thaifeadadh agus a rianú i ndáil le dátaí agus toradh amháin. Ní chuirfear aon taifid ná sonraí ar fáil d'Acmhainní Daonna Straitéiseacha.

## Aguisín C: Cainéil chun Nochtadh Cosanta a dhéanamh laistigh agus lasmuigh den Roinn

| Nochtadh le | Fostóir | Duine forordaithe | Coimisinéir | Aire |
|---|---|---|---|---|
| | **(Tuairisc inmheánach)** | **(Tuairisc sheachtrach)** | **(Tuairisc sheachtrach)** | **(Eile)** |
| **A(i)lt s(h)onrach(a) an Achta** | 5, 6, 6A | 5, 7, 7A | 5, 7, 10B, 10C | 5, 8, 10D |
| **Cé leis a mbaineann seo?** | Oibrí an fhostóra.<br><br>Oibrí fostóra eile nuair a bhaineann an éagóir go hiomlán/go príomha le hiompar an fhostóra sin nó a bhfuil freagracht dhlíthiúil ar an bhfostóir as. | Oibrí. | Oibrí. | Oibrí atá nó a bhí fostaithe ag comhlacht poiblí. |
| **Coinníollacha cosanta faoin Acht** | Tháinig sé ar aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Creidtear go réasúnta go dtugann an t-eolas le fios go ndearnadh éagóir ábhartha. | Tháinig sé ar aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Creidtear go réasúnta:<br>· Go dtugann an t-eolas le fios go ndearnadh éagóir ábhartha; · Go bhfuil an t-eolas agus aon líomhaintí fíor go substainteach; agus · Go mbaineann éagóir ábhartha le ceist dá bhforordaítear duine. | Tháinig sé ar aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Creidtear go réasúnta: · Go dtugann an t-eolas le fios go ndearnadh éagóir ábhartha; agus<br>· Go bhfuil an t-eolas agus aon líomhaintí fíor go substainteach. | Tháinig sé ar aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair. Creidtear go réasúnta go dtugann an t-eolas le fios go ndearnadh éagóir ábhartha. Sásaíonn sé ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas: · Rinneadh tuairisciú inmheánach agus/nó seachtrach ach creidtear go réasúnta nach ndearnadh aon ghníomh nó go ndearnadh gníomh neamhleor leantach;<br>· Creidtear go réasúnta go bhfuil ceann an chomhlachta phoiblí atá i gceist comhpháirteach san éagóir;<br>· Creidtear go réasúnta go bhféadfadh an éagóir leas an phobail a chur i ngarbhaol nó i mbaol soiléir. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Tuairiscí gan ainm** | Tá ar chomhlachtaí poiblí glacadh leis. | Caithfear glacadh leis murach go gcuireann reachtaíocht eile cosc air. | Caithfear glacadh leis. | Caithfear glacadh leis. |
| **Modh tuairiscithe** | I scríbhinn nó ó bhéal nó araon (faoi rogha an fhostóra). | I scríbhinn agus ó bhéal. | I scríbhinn agus ó bhéal. | Faoi rogha an Aire. |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Oibleagáidí ar an bhfaighteoir** | Aithint a dhéanamh laistigh de 7 lá. An t-eolas a tuairiscíodh a fhiosrú go dícheallach.<br>Aiseolas a sholáthar laistigh de 3 mhí.<br>Aiseolas leanúnach a sholáthar ag eatraimh 3 mhí (ar iarraidh). | Aithint a dhéanamh laistigh de 7 lá, murach gur iarradh gan amhlaidh a dhéanamh nó dá gcuirfeadh amhlaidh a dhéanamh isteach ar aitheantas an duine tuairiscithe a chosaint. An t-eolas a tuairiscíodh a fhiosrú go dícheallach.<br>Aiseolas a thabhairt laistigh de 3 mhí (nó 6 mhí i gcásanna eisceachtúla).<br>Aiseolas leanúnach a sholáthar ag eatraimh 3 mhí (ar iarraidh).<br>Eolas a thabhairt ar an toradh deiridh a bhíonn ar aon imscrúdú a rinne tuairisc a thionscnamh. | Aithint a dhéanamh laistigh de 7 lá, murach gur iarradh gan amhlaidh a dhéanamh nó dá gcuirfeadh amhlaidh a dhéanamh isteach ar aitheantas an duine tuairiscithe a chosaint.<br>An tuairisc a tharchur laistigh de 14 lá (nó níos faide faoi chúinsí eisceachtúla) chuig:<br>· An duine/na daoine forordaithe sin a mheasann an Coimisinéir is cuí; nó<br>· Duine oiriúnach eile (seachas duine forordaithe) a mheasann an Coimisinéir is cuí.<br><br>Mura féidir aon duine forordaithe nó oiriúnach a shainaithint, fiosróidh an Coimisinéir an tuairisciú go díreach ar an mbealach céanna a dhéanfadh duine forordaithe. | An tuairisc a chur faoi bhráid an Choimisinéara laistigh de 10 lá tar éis a fála.<br>Déanfaidh an Coimisinéir an méid a leanas ar thuairisc a fháil:<br>· Aithint a dhéanamh laistigh de 7 lá, murach gur iarradh gan amhlaidh a dhéanamh nó dá gcuirfeadh amhlaidh a dhéanamh isteach ar aitheantas an duine tuairiscithe a chosaint.<br><br>· An tuairisc a tharchur laistigh de 14 lá (nó níos faide faoi chúinsí eisceachtúla) chuig: o An duine/na daoine forordaithe sin a mheasann an Coimisinéir is cuí; nó<br>o Duine oiriúnach eile (seachas duine forordaithe) a mheasann an Coimisinéir is cuí. · Mura féidir aon duine forordaithe nó oiriúnach a aithint, fiosróidh an Coimisinéir an tuairisciú go díreach ar an mbealach céanna a dhéanfadh duine forordaithe. |

## Aguisín D: Treoir maidir le Nochtadh a Fháil

Soláthraítear san Aguisín seo treoir d'oifigigh shinsearacha sa CNOS a ndéantar teagmháil leo maidir le nochtadh ina líomhnaítear éagóir thromchúiseach. Is é príomhchuspóir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014, arna leasú leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 ('an tAcht'), oibrithe a spreagadh chun éagóir ábhartha a thuairisciú agus iad a chosaint ar phionósú ag a bhfostóir de bharr nochtadh a dhéanamh de réir fhorálacha an

Achta. Léirítear in "Beartas agus Treoir an CNOS maidir le Nochtadh Cosanta a Dhéanamh ag Oibrithe sa CNOS" ('an Treoir') forálacha agus cuspóir na reachtaíochta.

### Do thasc mar an faighteoir tosaigh – réamhscagadh

Ar an gcéad dul síos, ní mór Acmhainní Daonna Straitéiseacha a chur ar an eolas go bhfuarthas nochtadh cosanta féideartha. Ba cheart an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí a chur ar an eolas, i scríbhinn, go bhfuarthas an nochtadh, faoi chineál na faisnéise atá sa nochtadh, agus faoin gcinneadh deiridh den phróiseas scagtha a cuireadh in iúl don nochtóir.

Ba cheart don fhaighteoir tabhairt faoi phróiseas scagtha ina ndéanfar measúnú ar an nochtadh chun a chinneadh ar cheart nó nár cheart é a láimhseáil mar nochtadh cosanta. Mura bhfuil sé soiléir an gcáilíonn faisnéis mar nochtadh cosanta féideartha, ba cheart an fhaisnéis sin a láimhseáil mar nochtadh cosanta (agus aitheantas an nochtóra a chosaint, faoi réir Alt 12, go dtí go mbeidh sé soiléir nach nochtadh cosanta atá ann). Smaoinigh ar an bhfaisnéis a chur ar aghaidh chuig comhghleacaí le haghaidh measúnú má tá coimhlint leasa ann.

B'fhéidir go mbeidh gá, mar chuid den phróiseas scagtha, idirdhealú a dhéanamh idir nochtadh cosanta agus gearáin phearsanta. Mar shampla, áit a bhféadfadh an fhaisnéis a cuireadh ar fáil a bheith ag baint le gearán pearsanta agus le nochtadh cosanta. I gcásanna den sórt sin, b'fhéidir go mbeidh gá na gnéithe éagsúla den ghearán/nochtadh a scaradh agus a chinneadh an bhfuil aon nochtadh faisnéise ar leith a bhaineann le héagóir ábhartha tar éis tarlú.

Má dheimhnítear, tar éis an mheasúnaithe, nach bhfuil gá le haon imscrúdú breise, ba cheart don fhaighteoir an nochtóir a chur ar an eolas faoi bhunús an mheasúnaithe sin, chomh fada agus is féidir, agus faoina gceart iarraidh ar an nGrúpa Athbhreithnithe athbhreithniú a dhéanamh, ina ndéantar cur síos ar na cúiseanna go gceapann siad go bhfuil gá le himscrúdú ar an gceist. Má dheimhnítear go bhfuil gá le himscrúdú, i bhformhór na gcásanna ach ní i ngach cás, is é an t-oifigeach a rinne an scagadh tosaigh an duine a dhéanfaidh an t-imscrúdú.

I gcásanna eisceachtúla, b'fhéidir go mbeidh gá iarraidh ar bhainisteoir sinsearach eile nó ar thríú páirtí seachtrach an nochtadh a imscrúdú, faoi réir aontú an Ghrúpa Athbhreithnithe.

### Gníomh smachtaithe atá ann cheana

Nuair a dhéanann oibrí, atá faoi réir roinnt saincheisteanna smachtaithe atá ann cheana nó a bhfuil súil leo, tuairisciú faoi éagóir, déanfar breithniú iomlán agus cuí ar an nochtadh, de réir mar atá leagtha amach sa doiciméad treorach seo agus sa reachtaíocht.

Beidh an breithniú comhréireach i gcomhthéacs na gcúinsí inar tugadh chun solais é. A mhéid is féidir, i ngach cúinse an cháis, scarfar an fhaisnéis a nochtadh ón oibrí a dhéanann an nochtadh chun iarracht a dhéanamh an riosca a laghdú nach ndéanfaidh an CNOS measúnú cuí ar an tuairisc, mar gheall go gcreidtear go bhfuil sí á déanamh chun an t-oibrí a chosaint ar iomarcaíocht nó ar ghníomh smachtaithe.

Ní bhainfidh an t-oibrí leas as cosaint faoi na nósanna imeachta um nochtadh cosanta go díreach toisc go ndearna sé/sí nochtadh ar éagóir ábhartha, agus leanfadh sé/sí de bheith faoi réir na saincheiste smachtaithe atá ann cheana.

### Saincheist na rúndachta

Aithnítear san Acht agus sa Treoir nach mbíonn sé indéanta i gcónaí aitheantas an nochtóra a chosaint go hiomlán. Tá freagracht ort, áfach, aitheantas an nochtóra a chosaint a mhéid

is féidir go praiticiúil agus go pragmatach, agus níor cheart duit an t-ainm a nochtadh agus tuairisciú á dhéanamh le hAcmhainní Daonna Straitéiseacha, an Grúpa Athbhreithnithe, etc. Tá sé tábhachtach a chinntiú go ndéantar aon chomhairliúchán a dhéanann tú mar an faighteoir tosaigh ar bhealach discréideach agus cúramach, agus go ndéanann tú gach beart réasúnta chun rúndacht aitheantas an duine a chuaigh i dteagmháil leat a choinneáil.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara freisin, de réir an Achta, go bhféadfadh oibrí a rinne an nochtadh caingean a thionscnamh mura gcomhlíontar an ceanglas seo agus má fhulaingíonn sé/sí aon chaillteanas de bharr an neamhchomhlíonta sin.

### An nochtóir a choimeád ar an eolas

Gné ríthábhachtach chun dearbhú a thabhairt go gcaithfear leis an nochtadh go dáiríre is ea cumarsáid oscailte agus mhacánta.

Ba cheart duit an t-am a ghlacadh chun do ról sa phróiseas, mar atá leagtha amach sa Treoir, a mhíniú, agus a shoiléiriú nach ionann do scagadh tosaigh agus imscrúdú iomlán. Ba cheart duit a shoiléiriú freisin gur bunphrionsabal den Treoir é nach ndéantar aon dochar don té a dhéanann an nochtadh as nochtadh a dhéanamh bunaithe ar chreideamh réasúnta, fiú mura n-aithnítear aon éagóir dá bharr. Bheadh sé seo ina am cuí freisin plé a dhéanamh ar theorainneacha na rúndachta mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Cé go bhfuil gá soiléir ann aird a tharraingt ar iarmhairtí nochtadh cosanta a dhéanamh nach bhfuil bunaithe ar chreideamh réasúnta, d’fhéadfadh an iomarca béime ar an ngné seo daoine a dhíspreagadh ó thuairiscí ar éagóir a dhéanamh. Thiocfadh an toradh sin salach ar cheann de phríomhchuspóirí na Treorach, arb é sin an fhoireann a spreagadh labhairt amach faoi éagóir.

Nuair a bhain tú an tátal as nach raibh an nochtóir a rinne an nochtadh go hiomlán eolach ar na fíricí uile nó go ndearna sé/sí botún dáiríre ina c(h)reideamh maidir le tarlú nó dóchúlacht tarlaithe éagóra, tá sé thar a bheith tábhachtach bunús do chinnidh a mhíniú. Ós rud é gur féidir le nochtóir athbhreithniú a iarraidh ar an nGrúpa Athbhreithnithe, tá sé tábhachtach go míneofá na nithe go cuí chun athbhreithnithe neamhriachtanacha a sheachaint.

### Fiosrú leantach faoin Acht

Ní mór don chomhlacht poiblí admháil i scríbhinn a thabhairt don duine tuairiscithe go bhfuarthas gach tuairisc a dhéantar tríd an gcainéal tuairiscithe inmheánach laistigh de 7 lá féilire tar éis í a fháil.

Ba cheart go gcuirfeadh an admháil tuilleadh eolais ar fáil faoin bpróiseas um nochtadh cosanta agus na Nósanna Imeachta a bheidh i bhfeidhm chun déileáil leis an tuairisc a chur faoi iamh. Ba cheart don admháil iarracht a dhéanamh ionchais a leagan síos go luath maidir leis an méid a tharlóidh — agus cathain a tharlóidh sé — tar éis an tuairisc a dhéanamh. Ba cheart faisnéis a chur ar fáil maidir le cosaint aitheantas an duine tuairiscithe agus cosaint ar phionósú. Is é an sainmhíniú a thugtar ar fhiosrú leantach aon ghníomh a dhéanann faighteoir tuairisce nó duine a n-aistrítear an tuairisc chucu, le measúnú a dhéanamh ar chruinneas an eolais agus, sa chás gurb iomchuí, chun dul i ngleic leis an éagóir a tugadh le fios. Ar an ábhar sin, áirítear le fiosrú leantach measúnú agus imscrúdú ar an nochtadh a thugtar le fios agus na gníomhartha a dhéantar chun dul i ngleic leis an éagóir. Is é an riachtanas uileghabhálach nuair a sholáthraítear aiseolas ná nach gcuirtear aon eolas in iúl a d’fhéadfadh baint de thoradh an imscrúdaithe nó aon ghnímh dá éis sin (e.g. gníomh smachtaithe, nó gníomh eile dlí, ionchúiseamh san áireamh), mar shampla, trí bhaint den cheart i leith nósanna imeachta cothroma a mbaineann an duine a ndéantar tuairisciú nó líomhain ina (h)aghaidh taitneamh astu. Braithfidh méid an aiseolais ar an tuairisc féin. Mura n-aithnítear aon éagóir ábhartha, féadfar é sin a chur in iúl san aiseolas. Má aithnítear éagóir ábhartha líomhnaithe, féadtar é sin a lua san aiseolas, chomh maith leis na gníomhartha a rinneadh, nó atá beartaithe a dhéanamh, chun aghaidh a thabhairt ar

an éagóir, agus na cúiseanna leis na gníomhartha sin a shainaithint.

### An eagraíocht a choimeád ar an eolas

Éilítear sa Treoir go gcuirfidh tú daoine eile san eagraíocht ar an eolas go foirmiúil go bhfuil nochtadh ar éagóir tugtha chun d'aird.

Ullmhaíodh seicliosta mar threoir duit, ba cheart duit cóip a choimeád den seicliosta do do thaifid féin. Ós rud é nach bhfuil aon teorainneacha ama leagtha amach san Acht ná sa Treoir, tá sé tábhachtach go gcoinneoidh tú do thaifid go dtí go mbeidh tú sásta go bhfuil gach ábhar a bhaineann leis an nochtadh curtha de láimh, agus ina dhiaidh sin ba cheart na taifid uile a aistriú chuig an gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí.

### Faighteoir tosaigh nochta – seicliosta

Ainm:

Dáta:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Ar léigh tú agus an bhfuil tú eolach ar ábhar Beartas agus Treoir an CNOS maidir le Nochtadh Cosanta a Dhéanamh ag Oibrithe sa CNOS? | |
| 2. | Ar thug tú aird ar leith ar do chuid freagrachtaí maidir le nochtadh faisnéise a d'fhéadfadh an duine a rinne an nochtadh a aithint a sheachaint? | |
| 3. | Ar thug tú cóip den Treoir seo don nochtóir agus ar chuir tú in iúl dóibh go ndéanfar a mbuarthaí a láimhseáil go dáiríre? | |
| 4. | An bhfuil sé léirithe go leordhóthanach ag an té a dhéanann an nochtadh duit go dtagann na hábhair atá á n-ardú aige/aici faoi cheann de na catagóirí atá leagtha amach in uimhir 5? Cén saghas nochta atá cumhdaithe ag an Treoir? | |
| 5. | Más é "NÍL" an freagra ar cheist 4, an bhfuil tú tar éis a chur in iúl don nochtóir go gcaithfidh ábhar an nochta tagairt a dhéanamh do cheann de na hábhair atá leagtha amach in uimhir 5 "Cén cineál nochta atá cumhdaithe ag an Treoir"? | |
| 6. | Más é "TÁ" an freagra ar cheist 4, an bhfuil tú tar éis a chur in iúl don nochtóir go ndéanfaidh tú scagadh tosaigh agus go gcuirfidh tú in iúl, dar leat, cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn imscrúdú foirmiúil ón gceist? | |
| 7. | Ar mhínigh tú an difríocht idir scagadh tosaigh agus imscrúdú iomlán? | |
| 8. | Ar mhínigh tú, i gcás go gceaptar go dteastaíonn imscrúdú, go ndéanfar an cheist a imscrúdú agus go bhféadfar í a chur faoi bhráid oifigeach eile le haghaidh imscrúdú má mheastar gur cuí sin? | |
| 9. | Ar mhínigh tú don nochtóir na teorainneacha maidir le rúndacht mar atá leagtha amach sa reachtaíocht um Nochtadh Cosanta? | |
| 10. | A mhéid is indéanta, más nochtadh ó bhéal atá ann, an bhfuil an nochtóir tar éis a dhearbhú go bhfuil an fhaisnéis a soláthraíodh, agus a thug tú faoi deara, ceart? | |
| 11. | Ar chuir tú an fhaisnéis ar fáil don nochtóir roimh ré má tá sé riachtanach faisnéis a nochtadh a d'fhéadfadh a n-aitheantas a nochtadh nó a nochtfaidh a n-aitheantas, go dtabharfar deis dóibh an cinneadh sin a chur faoi athbhreithniú ag an nGrúpa Athbhreithnithe? | |

| | | |
|---|---|---|
| 12. | Ar thug tú aiseolas tréimhsiúil don nochtóir maidir leis na ceisteanna a nochtadh? | |
| 13. | Sa chás go gceapann tú nach bhfuil imscrúdú cuí, ar chuir tú an bunús leis an tuairim sin in iúl don nochtóir, a mhéid ab fhéidir? | |
| 14. | Ar mhínigh tú don nochtóir, mura bhfuil siad sásta leis an gcinneadh gan an cheist a fhiosrú níos mó, gur féidir leat an cheist a chur faoi bhráid Grúpa Athbhreithnithe a dhéanfaidh athbhreithniú ar an gcinneadh sin? | |
| 15. | Ar chuir tú an t-eolas a leanas ar fáil d'Acmhainní Daonna Straitéiseacha?<br><br>1. Dáta a Fuarthas an Nochtadh<br>2. Ainm an Fhaighteora<br>3. Nochtadh catagóire agus ar iarr tú ar Uimhir Thagartha, agus ar thug tú faoi scagadh ar thoradh an scagtha sin? | |
| 16. | Ar chuir tú an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí ar an eolas go bhfuarthas an nochtadh, ar chineál na faisnéise atá sa nochtadh, agus ar thoradh do scagtha? | |
| 17. | Má cheapann an Grúpa Athbhreithnithe gur oifigeach eile is oiriúnaí chun an t-imscrúdú a dhéanamh, ar chuir tú na páipéir ábhartha uile ar aghaidh chuig an bhfaighteoir nua sin agus ar chuir tú sonraí teagmhála an fhaighteora nua in iúl don nochtóir? | |

## Aguisín E: Treoir maidir le Nochtadh a Imscrúdú

Cuirtear treoir ar fáil san Aguisín seo d'oifigigh shinsearacha sa CNOS atá freagrach as éagóir líomhnaithe thromchúiseach a imscrúdú faoin Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 arna leasú ag an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú), 2022 ('an tAcht'). Cuirtear cosaint ar fáil san Acht d'oibrithe ar phionósú ag a bhfostóir de bharr nochtadh a dhéanamh de réir fhorálacha an Achta. Léirítear in Eolas agus Treoir an CNOS maidir le Nochtadh Cosanta san Ionad Oibre ('an Treoir') forálacha agus cuspóir na reachtaíochta.

### Do thasc mar an faighteoir a thugann faoin imscrúdú

Ní mór don fhaighteoir tús imscrúdaithe a thuairisciú don Cheann Iniúchóireachta Inmheánaí, don Ghrúpa Athbhreithnithe agus d'Acmhainní Daonna Straitéiseacha laistigh de 3 lá oibre. Cuirfidh an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí an POF ar an eolas ar an gcinneadh chun imscrúdú a dhéanamh.

Is fút féin an chaoi a ndéanann tú d'imscrúdú féin agus na cúinsí sonracha a bhaineann leis an gcás á gcur san áireamh. Tá sé seo faoi réir dhá bhreithniú an-tábhachtacha, mar sin féin:

- *Saincheist na rúndachta* – féach mír 12 thuas.
- *Nósanna imeachta imscrúdaithe cothroma* – Ní mór imscrúdú a eascraíonn as nochtadh, mar atá le gach imscrúdú inmheánach eile, a dhéanamh ar bhealach atá go hiomlán comhsheasmhach leis na nósanna imeachta imscrúdaithe atá i bhfeidhm cheana féin. Cuimhnigh, anuas ar d'fhreagracht don nochtóir, go bhfuil freagracht ort freisin a chinntiú nach ndéantar líomhaintí faoi éagóir, a d'fhéadfadh a bheith mícheart, i gcoinne daoine neamhchiontacha.

  Má theastaíonn aon treoir shonrach uait maidir le nósanna imeachta, ba cheart duit comhairle a lorg ón gCeann Tacaíochta Daoine, Forbartha agus Bunathraithe.

### An nochtóir a choimeád ar an eolas

Ba cheart duit an t-am a ghlacadh chun do ról sa phróiseas, mar atá leagtha amach sa Treoir, a mhíniú, agus a shoiléiriú nach ionann do scagadh tosaigh agus imscrúdú iomlán. Ba cheart duit a shoiléiriú freisin gur bunphrionsabal den Treoir é nach ndéantar aon dochar don té a dhéanann an nochtadh as nochtadh a dhéanamh bunaithe ar chreideamh réasúnta, fiú mura n-aithnítear aon éagóir dá bharr. Bheadh sé seo ina am cuí freisin plé a dhéanamh ar theorainneacha na rúndachta mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Cé go bhfuil gá soiléir ann aird a tharraingt ar iarmhairtí nochtadh a dhéanamh nach bhfuil bunaithe ar chreideamh réasúnta, d'fhéadfadh an iomarca béime ar an ngné seo daoine a dhíspreagadh ó thuairiscí ar éagóir a dhéanamh. Thiocfadh an toradh sin salach ar cheann de phríomhchuspóirí na Treorach, arb é sin an fhoireann a spreagadh labhairt amach faoi éagóir.

Má tá d'imscrúdú ag tógáil roinnt ama, ba cheart duit nuashonrú ar an dul chun cinn a chur ar fáil don nochtóir, a mhéid is féidir agus is cuí.

### Tar éis d'imscrúdú a chríochnú

Tá sé de cheangal ort faoin treoir seo toradh d'imscrúdaithe a chur in iúl don nochtóir, do Cheann an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí agus don Ghrúpa Athbhreithnithe.

Sa chás go bhfuil an nochtóir míshásta le cinneadh an imscrúdaithe, ba cheart duit an nochtóir a chur ar an eolas gur féidir leo a iarraidh go ndéanfaidh an Grúpa Athbhreithnithe scrúdú ar an bpróiseas imscrúdaithe laistigh de 10 lá oibre ón dáta a fuarthas an cinneadh.

Nuair a bhain tú an tátal as nach raibh an nochtóir a rinne an nochtadh go hiomlán eolach ar na fíricí uile nó go ndearna sé/sí botún dáiríre ina c(h)reideamh maidir le tarlú nó dóchúlacht tarlaithe éagóra, tá sé thar a bheith tábhachtach bunús do chinnidh a mhíniú don nochtóir.

I gcás ina mbaineann tú an tátal amach nach ndearna an nochtóir a nochtadh bunaithe ar chreideamh réasúnta — is é sin, go ndearnadh an nochtadh ar chúiseanna suaibhreosacha nó cráiteacha — ba cheart duit an Grúpa Athbhreithnithe a chur ar an eolas. Féadfaidh siad dul i gcomhairle leis an gCeann Tacaíochta Daoine, Forbartha agus Bunathraithe chun breithniú a dhéanamh ar cibé acu ar cheart nó nár cheart imeachtaí smachtaithe a thosú i gcoinne an duine atá i gceist.

Ceist thromchúiseach é nochtadh a dhéanamh agus imscrúdú ina dhiaidh sin. Ba cheart duit taifead cúramach a dhéanamh ar gach céim a ghlac tú le linn do phléití leis an nochtóir agus le linn d'imscrúdaithe. Ullmhaíodh seicliosta mar threoir duit, ba cheart duit cóip a choimeád den seicliosta do do thaifid féin. Ós rud é nach bhfuil aon teorainneacha ama leagtha amach sa reachtaíocht ná sa Treoir, tá sé tábhachtach go gcoinneoidh tú do thaifid go dtí go mbeidh tú sásta go bhfuil gach ábhar a bhaineann leis an nochtadh curtha de láimh chun do shásaimh, agus ina dhiaidh sin ba cheart na taifid uile a aistriú chuig an gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí.

### Toradh imscrúdaithe

Ba cheart do thuairisc ar thorthaí a sheoladh chuig an nGrúpa Athbhreithnithe ina gcuimsítear an t-eolas seo a leanas:

- cur síos ar an nochtadh agus ar thorthaí an imscrúdaithe
- an tionchar a d'imir an nochtadh ar an CNOS, más ann dó
- an bealach a rinneadh an míchleachtas nó an míchuibheas agus, más cuí,
- bearta riachtanacha a mholadh chun cosc a chur ar atarlú;
- plean gníomhaíochta chun na moltaí sin a chur i bhfeidhm
- an gníomh atá riachtanach chun freagairtí amach anseo faoin treoir seo a neartú, nó tátal maidir leis an mbealach chun cinn, agus/nó aon ábhar bainteach eile.

Cuirfidh an faighteoir cóip den tuarascáil ar aghaidh chuig an nGrúpa Athbhreithnithe, ina leagfar amach na modhanna cuí trína gcuirfear torthaí/moltaí na tuairisce i bhfeidhm. Cuirfear an tuairisc, an plean um chur i bhfeidhm san áireamh (más ann dó), chuig an gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí, a dhéanfaidh monatóireacht ar a cur i bhfeidhm de réir mar is cuí. Cuirfidh an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí cóip den tuairisc dheiridh, plean um chur i bhfeidhm san áireamh, más ann dó, ar aghaidh chuig an POF.

## Imscrúdú ar nochtadh – seicliosta

Ainm:

Dáta:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Ar léigh tú agus an bhfuil tú eolach ar ábhar Beartas agus Treoir an CNOS maidir le Nochtadh Cosanta a Dhéanamh ag Oibrithe sa CNOS? | |
| 2. | Ar phléigh tú leis an nGrúpa Athbhreithnithe, más cuí, cibé acu ar cheart nó nár cheart duit leanúint leis an imscrúdú nó an mbeadh sé níos oiriúnaí go ndéanfadh Oifigeach eile an t-imscrúdú? | |
| 3. | Ar thug tú aird ar leith ar ár gcuid freagrachtaí maidir le nochtadh faisnéise a d'fhéadfadh an duine a rinne an nochtadh a aithint a sheachaint? | |
| 4. | Ar chas tú leis an nochtóir agus ar chuir tú in iúl dóibh go ndéanfar a mbuarthaí c(h)eisteanna a láimhseáil go dáiríre? | |
| 5. | Ar chuir tú in iúl don nochtóir go bhfuil tú ag déanamh imscrúdú ar an nochtadh, go gcoinneoidh tú ar an eolas iad faoi dhul chun cinn an imscrúdaithe de réir mar is cuí, agus go gcuirfidh tú toradh an imscrúdaithe sin in iúl dóibh nuair a bheidh sé críochnaithe? | |
| 6. | Ar mhínigh tú don nochtóir na teorainneacha maidir le rúndacht mar atá leagtha amach sa reachtaíocht um Nochtadh Cosanta? | |
| 7. | Ar mhínigh tú don nochtóir, mura bhfuil siad sásta leis an gcinneadh gan an cheist a fhiosrú níos mó, gur féidir leat an cheist a chur faoi bhráid an Ghrúpa Athbhreithnithe thar a gceann go ndéanfar scrúdú ar phróiseas an imscrúdaithe | |
| 8. | An bhfuil tú eolach ar na nósanna imeachta chun imscrúdú a dhéanamh, prionsabail an cheartais nádúrtha san áireamh? | |
| 9. | Ar chuir tú toradh d'imscrúdaithe in iúl don nochtóir agus ar mhínigh tú, a mhéid is féidir, na cúiseanna le do chinneadh? | |
| 10. | Má bhain tú an tátal as nach raibh creideamh réasúnta ag an nochtóir maidir leis an éagóir agus an nochtadh á dhéanamh acu, ar chuir tú an cheist faoi bhráid an Ghrúpa Athbhreithnithe? | |
| 11. | Ar chuir tú cóip den tuairisc ar aghaidh chuig an nGrúpa Athbhreithnithe? | |
| 12. | Ar chuir tú cóip den tuairisc dheiridh ar aghaidh chuig an gCeann Iniúchóireachta Inmheánaí? | |
| 13. | Ar chuir tú Acmhainní Daonna Straitéiseacha ar an eolas faoi dháta an chinnidh? | |

## Aguisín F: Gluais Téarmaí

***"Nochtóir"*** 'an t-oibrí' a bhfuil an nochtadh á dhéanamh acu.

Ciallaíonn "**nochtadh**", i gcás ina bhfuil an duine a fhaigheann an t-eolas sin ar an eolas air cheana féin, an t-eolas sin a chur ar aird an duine sin;

**"Tuairisciú Éigeantach"** – ní cheanglaítear san Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 rud éigeantach a dhéanamh de sceithireacht. Tá sé mar aidhm ag an reachtaíocht iad siúd a thagann chun tosaigh agus a dhéanann nochtadh go deonach a chosaint. Mar sin féin, ní chuirtear deireadh sa reachtaíocht le hoibleagáidí tuairiscithe atá ann cheana féin, agus dá bhrí sin, i gcás ina ndéantar rud éigeantach sa dlí de thuairisciú cheana féin, leanann an oibleagáid tuairiscithe de i bhfeidhm.

***"Daoine Eile" –*** Níl aon liosta críochnaitheach ann díobh siúd ar féidir nó nach féidir leo a bheith ina nduine chun críche nochtadh a dhéanamh faoi alt 10 den Acht. Ina ionad sin, éilítear sa reachtaíocht go mbeadh an nochtadh don duine áirithe sin 'réasúnta', ag cur san áireamh na gcúinsí uile, agus go gcomhlíonfaí príomhchritéir áirithe.

Ciallaíonn ***"pionósú"*** aon ghníomh nó easnamh a dhéanann difear d'oibrí agus chun dochair oibrí, agus áirítear leis an méid seo a leanas, ach go háirithe–

a) fionraí, leagan as nó dífhostú;
b) ísliú céime, caillteanas deise d'ardú céime, nó ardú céime a shiarchoinneáil;
c) aistriú dualgas, athrú ar láthair nó áit oibre, laghdú ar phá nó athrú ar uaireanta oibre;
d) aon disciplín, iomardú nó pionós eile a ghearradh nó a riar (pionós airgeadais san áireamh);
e) comhéigean, imeaglú, ciapadh nó dúdhiúltú;
f) idirdhealú, míbhuntáiste nó caitheamh éagórach;
g) gortú, díobháil nó caillteanas;
h) bagairt ar bheart díoltais;
i) oiliúint a shiarchoinneáil;
j) measúnú feidhmíochta nó teistiméireacht fostaíochta dhiúltach;
k) teip ar chonradh fostaíochta sealadach a thiontú ina chonradh buan, nuair a bhí ionchas dlisteanach ag an oibrí go dtairgfí fostaíocht bhuan dó nó di;
l) teip ar chonradh fostaíochta sealadach a athnuachan nó deireadh luath a chur leis;
m) díobháil, lena n-áirítear díobháil do chlú an oibrí, go háirithe ar na meáin shóisialta, nó caillteanas airgeadais, lena n-áirítear caillteanas gnó agus caillteanas ioncaim;
n) cur ar liosta dubh ar bhonn comhaontú neamhfhoirmiúil nó foirmiúil earnála nó tionscail, rud a bhféadfadh nach bhfaighidh an duine fostaíocht san earnáil nó sa tionscal amach anseo dá bharr;

***"Daoine Forordaithe" –*** is féidir nochtadh a bhaineann le héagóir ábhartha a dhéanamh le "Daoine Forordaithe" áirithe (alt 7.2 den Acht), de ghnáth an príomhfheidhmeannach nó rialálaí ábhartha amhail an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta. Tá an liosta is déanaí de Dhaoine Forordaithe ar fáil in IR 367/2020. Is féidir tuairisc a dhéanamh freisin leis an gCoimisinéir um Nochtadh Cosanta.

***"Creideamh réasúnta"***
Caithfidh go bhfuil creideamh réasúnta ag an duine tuairiscithe go dtaispeánann an fhaisnéis a nochtadh, nó gur nós leis an bhfaisnéis a nochtadh a thaispeáint, éagóir. Ní chiallaíonn an téarma "creideamh réasúnta" gur gá don chreideamh a bheith ceart. Tá daoine tuairiscithe i dteideal botún a dhéanamh maidir lena gcreideamh, a fhad agus a bhí a gcreideamh bunaithe ar fhorais réasúnta. Dheimhnigh an Ard-Chúirt "*Ní foláir cineál éigin de bhunús oibiachtúil a bheith le creideamh den sórt sin chun go measfar gur "creideamh réasúnta" í, mar a cheanglaítear in Acht 2014* [8]".

***"Faighteoir"*** – an duine lena ndéantar an nochtadh.

Ciallaíonn ***"Faisnéis Ábhartha"*** faisnéis a chreideann an t-oibrí go réasúnta a léiríonn "éagóir ábhartha" amháin nó níos mó, agus a cuireadh ar a n-aird i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair.

Is ***"éagóir ábhartha"*** chun críocha an Achta na nithe seo a leanas—

a) rinneadh cion, tá cion á dhéanamh nó is dóchúil go ndéanfar cion,
b) theip ar dhuine, tá ag teip ar dhuine nó is dóchúil go dteipfidh ar dhuine aon oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh, seachas oibleagáid a thagann aníos faoi chonradh fostaíochta nó conradh eile an oibrí ina ngeallann an t-oibrí chun aon obair nó seirbhísí a dhéanamh nó chun tabhairt fúthu go pearsanta,
c) tharla iomrall ceartais, tá iomrall ceartais ag tarlú nó is dóchúil go dtarlóidh iomrall ceartais,
d) rinneadh sláinte nó sábháilteacht aon duine aonair a chur i mbaol, tá sláinte nó sábháilteacht aon duine aonair á cur i mbaol, nó is dóchúil go gcuirfear sláinte nó sábháilteacht aon duine aonair i mbaol,
e) rinneadh díobháil don chomhshaol, tá díobháil á déanamh don chomhshaol, nó is dóchúil go ndéanfar díobháil don chomhshaol,
f) baineadh úsáid neamhdhleathach nó mhíchuí ar bhealach eile as cistí nó acmhainní comhlachta phoiblí, nó as airgead poiblí eile, tá úsáid neamhdhleathach nó mhíchuí ar bhealach eile á baint as cistí nó acmhainní comhlachta phoiblí nó as airgead poiblí eile, nó is dóchúil go mbainfear úsáid neamhdhleathach nó mhíchuí ar bhealach eile as cistí nó acmhainní comhlachta phoiblí nó as airgead poiblí eile,
g) tá gníomh nó easnamh a rinne comhlacht poiblí nó a rinneadh thar ceann comhlacht poiblí leatromach, idirdhealaitheach nó thar a bheith faillíoch nó más ionann agus fíor-mhíbhainistíocht é,
h) tharla sárú ar dhlí sonraithe an AE a leagtar amach sa Treoir, tá dlí sonraithe an AE a leagtar amach sa Treoir á shárú, nó is dóchúil go sárófar dlí sonraithe an AE a leagtar amach sa Treoir, nó
i) rinneadh faisnéis a thugann le fios go bhfuil aon cheist atá in aon chinn de na hailt roimhe seo á ceilt nó á milleadh, nó tá an fhaisnéis sin á ceilt nó á milleadh nó is dóchúil go ndéanfar í a cheilt nó a mhilleadh, nó rinneadh iarracht, tá iarracht á déanamh nó is dóchúil go ndéanfar iarracht an fhaisnéis sin a cheilt nó a mhilleadh.

Is cuma cé acu ar tharla, a tharlaíonn nó a tharlódh éagóir ábhartha in Éirinn nó in áit eile, agus cé acu is é dlí na hÉireann nó dlí aon tíre nó críche eile a bhaineann léi.

Féadfaidh oibrithe tuairiscí a dhéanamh freisin maidir le héagóir a bhaineann le hoibleagáidí eile a bhaineann go sonrach le fostaíocht nó gairm, a bhféadfadh nach bhfuil siad cumhdaithe faoin sainmhíniú ar éagóir in alt 5 den Acht agus a d'fhéadfadh a bheith faoi chosaint reachtúil eile maidir le tuairiscí. Ní éagóir ábhartha í ceist i gcónaí más ionann an cheist agus ceist ar feidhm den oibrí nó d'fhostóir an oibrí í lena brath, lena himscrúdú nó lena hionchúiseamh agus nach bhfuil gníomh nó easnamh thar ceann an fhostóra inti ná i gceist léi.

[8] Barrett vs Coimisinéir an Gharda Síochána agus tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais [2022] IEHC 86.

***"Oibrí"***

Faoi mar a shainmhínítear san Acht, ciallaíonn "oibrí" duine a oibríonn san earnáil phríobháideach nó phoiblí a fuair faisnéis ar éagóracha ábhartha i gcomhthéacs a bhaineann leis an obair agus áirítear leo

(a) duine atá nó a bhí ina f(h)ostaí,

(b) duine aonair a d'iontráil aon chonradh eile nó a oibríonn nó a d'oibrigh faoi aon chonradh eile, cibé acu sainráite nó intuigthe, agus (más sainráite) cibé acu ó bhéal nó i scríbhinn, trína ndearna an duine aonair gealltanas obair nó seirbhísí a dhéanamh nó a chur i gcrích (go pearsanta nó ar bhealach eile) do pháirtí eile sa chonradh chun críocha ghnó an pháirtí sin,

(c) duine aonair a oibríonn nó a d'oibrigh do dhuine eile sna cúinsí a leanas—

(i) déanann tríú duine an duine a chur in aithne nó a sholáthar chun an obair a dhéanamh, agus

(ii) is é atá nó a bhí i gceist, i gcleachtas, go bhfuil na téarmaí ar a mbítear nó ar a raibh an duine fostaithe chun an obair a dhéanamh á gcinneadh go substaintiúil ní ag an duine féin, ach ag an duine a n-oibríonn nó ar oibrigh sé/sí dó/di, ag an tríú páirtí, nó ag an mbeirt acu,

(d) duine a gcuirtear nó ar cuireadh taithí oibre ar fáil dó/di de bhun cúrsa nó clár oiliúna, nó oiliúint le haghaidh fostaíochta (nó an dá rud), seachas faoi chonradh fostaíochta,

(e) duine atá nó a bhí ina scairshealbhóir i ngnóthas,

(f) duine aonair atá nó a bhí ina b(h)all de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta gnóthais, baill neamhfheidhmiúcháin ina measc,

(g) duine atá nó a bhí ina (h)oibrí deonach,

(h) duine a fhaigheann eolas ar éagóir ábhartha i rith próiseas earcaíochta,

(i) duine a fhaigheann eolas ar éagóir ábhartha i rith idirbheartaíocht réamhchonartha (seachas próiseas earcaíochta dá dtagraítear in alt (h), agus

(j) duine a meastar ar oibrí é/í de bhua fho-alt (2)(b),

agus déanfar aon tagairt d'oibrí a bheith fostaithe nó d'fhostaíocht a léirmhíniú dá réir sin.

Ciallaíonn "comhthéacs a bhaineann leis an obair" gníomhaíochtaí oibre faoi láthair nó san am a chuaigh thart san earnáil phoiblí nó phríobháideach trína bhfaigheann daoine, beag beann ar chineál na ngníomhaíochtaí sin, faisnéis maidir le héagóir ábhartha, agus ina bhféadfadh na daoine siúd a bheith thíos le pionósú mar thoradh ar an bhfaisnéis sin a thuairisciú;

**Rialú Leaganacha Doiciméid**

| | |
|---|---|
| Cuspóir an Doiciméid: | Eolas agus treoir a leagan amach ar Nochtadh Cosanta d'oibrithe sa CNOS |
| Uimhir an Leagain: | 1 |
| Dáta: | Márta 2024 |
| Údar: | Michael Wall |
| Údaraithe ag: | Trevor Jordan |

**Stair Athraithe**

| Leagan | Dáta Eisiúna | Údar | Cúis an Athraithe |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |

Foilsithe in Aibreán 2024